



An
Bord
Pleanála


Tionscadail Leasa Choitinn

Lámhleabhar Nósanna Imeachta don Phróiseas
Deonaithe Cead

Airteagal 9 de Rialachán 2022/869

Treoirínte maidir le Bonneagar Fuinnimh Tras-Eorpach

Iúil 2023



Séanadh

I gcomhréir le fomhír 1 d'Airteagal 9 den Rialachán, níl an Lámhleabhar seo beartaithe le bheith ina dhoiciméad atá ceangailteach ó thaobh dlí. Tá an Lámhleabhar ceaptha chun cabhrú le tionscnóirí tionscadail, leis an bpobal agus le húdaráis eile lena mbaineann. Tá sé beartaithe go soláthróidh an Lámhleabhar trédhearcacht agus go gcuideoidh sé le rannpháirtíocht phobail sa phróiseas deonaithe ceada.

An Clár

1. Réamhrá	6
2. Eagar an Phróisis Deonaithe Ceada	9
3. Rannpháirtíocht Phobail	13
4. An Próiseas Deonaithe Ceada	22
5. Príomhreachtaíocht Deonaithe Ceada	38
6. Príomhpháirtithe Leasmhara	49
7. Sonraí na nDoiciméad le haghaidh Iarratas	50
8. Sonraí Teagmhála	52

1. Réamhrá

1.1 Rialachán (AE) Uimh. 2022/869

Ullmhaíodh an Lámhleabhar seo de bhun Rialachán (AE) Uimh. 2022/869 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2022 maidir le treoirlínte do bhonneagar fuinnimh tras-Eorpach (an Rialachán).

Féachtar leis an Rialachán córais fuinnimh thíortha AE a nascadh le tionscadail ar Liosta an Aontais a bhaineann leas as nósanna imeachta ceadúcháin luathaithe. Is príomhthionscadail bhonneagair iad na tionscadail atá ar an liosta atá dírithe ar mhargadh fuinnimh na hEorpa a thabhairt chun críche chun cabhrú leis an Aontas a chuspóirí maidir le beartas fuinnimh agus aeráide a bhaint amach. Déanfar an Lámhleabhar a athbhreithniú agus a nuashonrú tuilleadh, nuair is gá.

1.2 Rialachán (AE) Uimh. 2022/869

D'fhonn comhtháthú mhargadh fuinnimh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú tá liosta tionscadail bhonneagair fuinnimh ar a dtugtar Tionscadail Leasa Choitinn (PCI) dréachtaithe ag an gCoimisiún Eorpach. Roghnaítear na tionscadail seo chun cuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais a bhaint amach maidir le fuinneamh inacmhainne, slán agus inbhuanaithe.

Bunaítear Liosta an Aontais gach dhá bhliain. Tá measúnú déanta ag na Grúpaí Réigiúnacha dá dtagraítear sa Rialachán ar tionscadail ar Liosta an Aontais. Formheasann na Ballstáit a mbaineann na tionscadail lena gcríocha gach tionscadal atá beartaithe agus ní mór don Choimisiún Eorpach an Liosta a ghlacadh.

Féadfaidh tionscadail ar an Liosta leas a bhaint as planáil agus deonú ceada luathaithe, coinníollacha rialála feabhsaithe, costais riaracháin níos ísle mar gheall ar phróisis measúnaithe comhshaoil sruthlínithe, rannpháirtíocht mhéadaithe phobail trí chomhairliúcháin, infheictheacht mhéadaithe d'infheisteoirí agus rochtain ar thacaíocht airgeadais.

Sainmhínítear sa Rialachán catagóir nua tionscadal dá ngairtear Tionscadail Leasa Choitinn (PMI). Bunófar chéad Liosta an Aontais de thionscadail leasa choitinn agus de thionscadail leasa choitinn de bhun an Rialacháin athbhreithnithe.

D'fhéadfadh na sainmhínithe seo a leanas a bheith ina gcabhair agus an Lámhleabhar seo á léamh.

Ciallaíonn **Cinneadh Cuimsitheach** an cinneadh nó an tsraith cinntí a ghlacann údarás Ballstáit nó údaráis gan cúirteanna nó binsí a chur san áireamh, trína gcinntear an bhfuil nó nach bhfuil tionscnóir tionscadail údaráithe chun an bonneagar fuinnimh a thógáil chun tionscadal leasa choitinn nó tionscadal leasa choitinn a réadú tríd an bhféidearthacht a bheith ann na hoibreacha tógála riachtanacha a thosú, nó a fháil agus tosú (réidh le tógáil). (c) gan dochar d'aon chinneadh arna ghlacadh i gcomhthéacs nós imeachta achomhairc riaracháin.

Ciallaíonn **Tionscadal Leasa Choitinn** tionscadal is gá chun na conairí agus na réimsí tosaíochta bonneagair fuinnimh a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus atá ar liosta an Aontais a chur chun feidhme.

Ciallaíonn **Tionscadal Leasa Fhrithpháirtigh** tionscadal arna chur chun cinn ag an Aontas i gcomhar le tríú tíortha de bhun litreacha tacaíochta ó rialtais na dtíortha a n-imrítear tionchar díreach orthu nó comhaontuithe neamhcheangailteacha eile, a thagann faoi cheann de na catagóirí bonneagair fuinnimh a leagtar amach i bpointe 1(a) nó (f), pointe 3(a), nó pointe 5(a) nó (c) d'Iarscríbhinn II, a chuireann le spriocanna 2030 an Aontais don fhuinneamh agus don aeráid agus dá chuspóir aeráidneodrachta 2050 agus atá ar liosta an Aontais.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach roghnaíonn an tÚdarás Inniúil Náisiúnta tionscadail le cur ar Liosta an Aontais ach gur Grúpaí Réigiúnacha a bhfuil an Coimisiún i gceannas orthu a roghnaíonn iad.

Cuirfidh an Bord Pleanála (ÚIN) na nósanna imeachta céanna i bhfeidhm maidir le gach tionscadal ar liosta an Aontais cibé acu an tionscadal leasa choitinn (TLCI) nó tionscadal leasa fhrithpháirtigh (TLF) é nó nach ea. Iarrtar ar Thionscnóirí Tionscadail a aithint cibé acu an bhfuil a dtionscadal ina TLC nó ina TLF agus iad á bhfógairt faoin tionscadal faoi Airteagal 10.

1.3 Éire agus an tÚdarás Inniúil Náisiúnta

Ainmníodh an Bord Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta ar 4 Nollaig, 2013.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta táimid freagrach as an bpróiseas deonaithe ceada do thionscadail ar liosta an Aontais a éascú agus a chomhordú.

1.4 Lámhleabhar Nósanna Imeachta

Foráiltear le hAirteagal 9 den Rialachán a phléann le Trédhearcacht agus le Rannpháirtíocht Phobail go bhfoilseoidh gach Ballstát nó Údarás Inniúil Náisiúnta, i gcás inarb infheidhme, i gcomhar le húdaráis eile lena mbaineann, lámhleabhar nuashonraithe nósanna imeachta don phróiseas deonaithe ceadanna is infheidhme maidir le tionscadail ar Liosta an Aontais.

Tá sé mar aidhm ag an Lámhleabhar na nithe seo a leanas a leagan amach:

- a. sonraíochtaí na bpíosaí reachtaíochta ábhartha ar a mbunaítear cinntí agus tuairimí le haghaidh na gcineálacha éagsúla tionscadal leasa choitinn, lena n-áirítear an dlí comhshaoil;
- b. liosta na gcinntí agus na dtuairimí ábhartha atá le fáil;
- c. ainmneacha agus sonraí teagmhála an údaráis inniúil, údarás eile lena mbaineann agus na geallsealbhóirí móra lena mbaineann;
- d. an sreabhadh oibre, ag cur síos ar gach céim den phróiseas, lena n-áirítear amlíne táscach agus forbheathnú beacht ar an bpróiseas cinnteoireachta i gcás na gcineálacha éagsúla tionscadal ábhartha leasa choitinn;
- e. faisnéis faoi raon feidhme, struchtúr agus leibhéal mionsonraí na ndoiciméad a bheidh le cur isteach leis an iarratas ar chinntí, lena n-áirítear seicliosta;
- f. na céimeanna agus na modhanna a bhféadfaidh an pobal i gcoitinne páirt a ghlacadh sa phróiseas;
- g. an modh ina léireoidh an t-údarás inniúil, údarás eile lena mbaineann agus tionscnóir an tionscadail gur cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sa chomhairliúchán pobail san áireamh, mar shampla trí léiriú cad iad na leasuithe a rinneadh ar shuíomh agus dearadh an tionscadail nó trí chúiseanna a sholáthar cén fáth nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh;
- h. a mhéid is féidir, aistriúcháin ar a ábhar isteach i dteangacha uile na mBallstát comharsanachta a bhaint amach i gcomhar leis na Ballstáit chomharsanachta ábhartha.

2. Eagar an Phróisis Deonaithe Ceada

2.1 An Scéim Chomhoibritheach

Chun an próiseas deonaithe ceada a chur i bhfeidhm, roghnaigh Éire an scéim ‘Comhoibríoch’ mar mheicníocht chun an cinneadh cuimsitheach a eisiúint. Foráiltear leis sin go ndéanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta an cinneadh cuimsitheach a chomhordú.

Déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, tar éis dul i gcomhairle leis na húdaráis eile lena mbaineann, i gcás inarb infheidhme i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, agus gan dochar do na teorainneacha ama a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 10(1) agus (2), teorainn ama réasúnach a shocrú ar bhonn cáis a n-eiseofar na cinntí aonair laistigh de. Déanfaidh sé faireachán ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama ag na húdaráis lena mbaineann. Mura bhfuiltear ag súil go seachadfar cinneadh aonair ón údarás lena mbaineann laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, ní mór don údarás sin an Bord Pleanála (ÚIN) a chur ar an eolas láithreach agus cúiseanna leis an moill a chur ar fáil. Ina dhiaidh sin, socróidh an Bord Pleanála (ÚIN) teorainn ama eile faoina n-eiseofar an cinneadh aonair sin, i gcomhréir leis na teorainneacha ama foriomlána a leagtar amach in Airteagal 10(1) agus (2).

2.2 Ról an Bhoird Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta

Is é ról an Bhoird Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta comhordú a dhéanamh ar eisiúint gach toilithe a theastaíonn ó gach údarás lena mbaineann agus faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh na dteorainneacha ama.

Tá ról ag an Údarás Inniúil Náisiúnta freisin faoi Airteagal 5 maidir le tuairisciú, ar bhonn bliantúil, ar dhul chun cinn agus, i gcás inarb ábhartha, ar mhoilleanna i gcur chun feidhme tionscadal ar liosta an Aontais agus, i gcás inarb ábhartha, ar na cúiseanna atá leis na moilleanna sin.

Is é ról pleanála reachtúil an Bhoird Pleanála i gcónaí maidir le cinneadh a dhéanamh ar aon achomharc nó iarratas a chuirtear isteach leis ná ról an mheasúnóra neamhspleáigh. Ní dhéanfaidh a dhualgais mar Údarás Inniúil Náisiúnta faoin Rialachán difear dá mheasúnú neamhchlaonta ar achomhairc nó iarratais phleanála. Chun béim a leagan air seo, tá Aonad TLC bunaithe ag an mBord Pleanála chun an próiseas TLC a riar ar leithligh óna hAonaid Bonneagair Straitéisigh agus Achomharc Pleanála. Tá an tAonad TLC seo freagrach as comhordú na dtoilithe éagsúla, comhoibriú leis na húdaráis lena mbaineann, agus Údarás Inniúla Náisiúnta eile, agus an Lámhleabhar Nósanna Imeachta um Próiseas Deonaithe Ceada a thabhairt cothrom le dáta. Ar mhaithe le héifeachtúlacht eagraíochtúil d'fhéadfadh go mbeadh roinnt ball foirne riaracháin ag fónamh san Aonad TLC agus in Aonaid eile sa Bhord Pleanála. Mar sin féin, ní bheidh aon bhall foirne ag déileáil leis an dá ghné de thionscadal ag am ar bith (Tionscadail ar liosta an Aontais agus iarratas/achomharc).

Is é ról an Bhoird Pleanála faoin Scéim Chomhoibríoch go gcuireann an Bord Pleanála, mar chomhlacht deonaithe toilithe ann féin, leis an bpróiseas deonaithe ceadanna mar a dhéanann na húdaráis eile lena mbaineann. I gcás tionscadail ar Liosta an Aontais atá ina Thionscadal Bonneagair Straitéisigh freisin, d'fhéadfadh sé go mba chabhair é smaoineamh ar an mBord Pleanála mar eagraíocht a bhfuil dhá ról aige: ról amháin mar chomhlacht cinnteoireachta i réimse na pleanála agus ról eile tiomsaithe agus comhordaithe mar Údarás Inniúil Náisiúnta, ar próiseas riaracháin é. Ní chuirfidh ceachtar den dá ról isteach ar an gceann eile agus coinníonn an t-aonad riaracháin ar leith an roinnt feidhmeanna seo.

2.3 Ról na nÚdarás Eile lena mBaineann

Ní chuireann a rannpháirtíocht sa phróiseas seo isteach ar neamhspleáchas agus neamh-chlaontacht na n-údarás eile go léir a bhfuil baint acu le cinneadh a dhéanamh ar iarratais ar thoiliú a thagann faoina sainchúram reachtúil.

Foráiltear sa Scéim Chomhoibríoch sa chás nach mbíonn údarás aonair ag súil le toiliú a sheachadadh laistigh den teorainn ama sonraithe, go gcaithfidh an t-údarás sin fógra a thabhairt láithreach don Údarás Inniúil Náisiúnta ag tabhairt cúiseanna leis an moill. Níor cheart, ach oiread, an chiall a bhaint as an gceanglas seo chun an Bord Pleanála (Údarás Inniúil Náisiúnta¹) a chur ar an eolas agus cúiseanna a sholáthar go bhfuil ról ag an ÚIN i gcinneadh aonair údarás eile nó mar chur isteach ar ról reachtúil cinnteoireachta údarás eile laistigh dá limistéar dlínse reachtúil. Ní shíneann ról monatóireachta den sórt sin ag an ÚIN ach go dtí gné na teorann ama agus an fheidhm chomhordaithe agus ba cheart féachaint air i gcomhthéacs an sceidil don tionscadal aonair atá le tarraingt suas i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann agus le tionscnóir an tionscadail.

1. Ciallaíonn an Bord Pleanála (Údarás Inniúil) an Bord Pleanála ag gníomhú dó ina cháil mar Údarás Inniúil faoin Rialachán.


2.4 Oibleagáidí agus Riachtanais

Leagann an Rialachán oibleagáidí agus ceanglais ar an mBord Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta, ar údaráis cheadaithe sa phróiseas agus ar thionscnóirí tionscadail.

Liostaítear thíos cuid de na hoibleagáidí agus na ceanglais a eascraíonn.

An Bord Pleanála mar Údarás Inniúil Náisiúnta

- a. Sceideal mionsonraithe a bhunú don phróiseas deonaithe ceadanna, ar bhonn cáis. Déantar é seo i gcomhairle le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile. [Airteagal 10.6(b)].
- b. Monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na teorainneacha ama. [Airteagal 8.3(c)].
- c. Teorainneacha ama aonair a athshocrú, i gcás nach gcomhlíontar na teorainneacha ama bunaidh. [Airteagal 8.3(c)].
- d. An coincheap rannpháirtíochta phobail arna chur isteach ag tionscnóir an tionscadail a mhodhnú nó a cheadú. [Airteagal 9.3].
- e. Faisnéis ar dhul chun cinn a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta agus an Ghrúpa lena mbaineann agus, nuair is cuí, ar mhoilleann i gcur i bhfeidhm tionscadal ar liosta an Aontais maidir leis na próisis deonaithe ceada. [Airteagal 5.5].
- f. Lámhleabhar Nósanna Imeachta nuashonraithe a fhoilsiú. [Airteagal 9.1].



Údaráis Eile lena mBaineann

- a. Comhoibriú leis an mBord Pleanála (ÚIN) maidir le cur síos réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal a chuir tionscnóir an tionscadail isteach chun críche an fógra a admháil agus chun tús an phróisis deonaithe ceada a bhunú. [Airteagal 10.3].
- b. Comhoibriú leis an mBord Pleanála (ÚIN) chun scóip na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus an leibhéal sonraí atá le cur isteach ag tionscnóir an tionscadail mar chuid den chomhad iarratais a chinneadh. [Airteagal 10.6].
- c. Comhoibriú leis an mBord Pleanála (ÚIN) chun sceideal mionsonraithe don phróiseas deonaithe ceada a dhréachtú. [Airteagal 10.6(b)].
- d. An Bord Pleanála (ÚIN) a chur ar an eolas i gcás nach mbítear ag súil le cinneadh a thabhairt laistigh den spriocthréimhse shocraithe agus cúiseanna leis an moill a thabhairt. [Airteagal 8.3(c)].
- e. An Bord Pleanála (ÚIN) a chur ar an eolas agus a chóipeáil an uair a chuirtear an cinneadh in iúl do thionscnóir an tionscadail.

Tionscnóirí Tionscadail

- a. Plean feidhmithe don tionscadal a dhréachtú. [Airteagal 5.1].
- b. Sracphlean réasúnta mionsonraithe den tionscadal a sholáthar nuair a bhíonn an próiseas deonaithe ceada á thúsú. [Airteagal 10.3].
- c. Coincheap do rannpháirtíocht phobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ÚIN). [Airteagal 9.3].
- d. A chinntiú go bhfuil an comhad iarratais iomlán agus leordhóthanach. [Airteagal 10.7].
- e. Tuarascáil a ullmhú ina mbeidh achoimre ar thorthaí gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht phobail agus an tuarascáil mar aon leis an gcomhad iarratais a chur faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ÚIN). [Airteagal 9.4].
- f. Tuarascáil a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail ag míniú conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phobail san áireamh trí na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, threocht agus dearadh an tionscadail, nó trí chúiseanna a sholáthar nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh. [Airteagal 9.4].
- g. Comhoibriú go hiomlán leis an ÚIN chun na teorainneacha ama a chomhlíonadh. [Airteagal 10.7].
- h. Láithreán gréasáin tiomnaithe a nuashonrú a bhunú agus a nuashonrú go rialta. [Airteagal 9.7].
- i. Tuarascáil bhliantúil a chur isteach don tionscadal faoi bhráid an Bhoird Phleanála (ÚIN). [Airteagal 5.4].

3. Rannpháirtíocht Phobail

3.1 Ginearálta

Bunaítear le Coinbhinsiún Aarhus roinnt ceart atá ag an bpobal i dtaca leis an gcomhshaol.

Ar na cearta sin tá:

- an ceart ar fhaisnéis chomhshaoil atá ag údaráis phobail a fháil,
- an ceart a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht chomhshaoil, agus
- an ceart rochtana ar cheartas.

Tá na cearta atá sa Choinbhinsiún mar bhunús le cur chuige an Údaráis Inniúil Náisiúnta maidir le próisis rannpháirtíochta pobail a eascraíonn as an Rialachán.

Spreagfar tionscnóirí tionscadail chun idirghníomhú leis an bpobal chomh luath agus is féidir lena n-áirítear sula gcuirtear tús leis an bpróiseas deonaithe ceada. Dírítear aird tionscnóirí tionscadail ar na rannóga a bhaineann le comhairliúchán pobail sna doiciméid seo a leanas de chuid an Choimisiúin Eorpaigh:

- Nósanna imeachta um measúnú comhshaoil a shruthlíniú do Thionscadail Leasa Choitinn bonneagair fuinnimh (PClanna)
- Treoir ar Chur i bhFeidhm an Nós Imeachta um Measúnú Tionchair Timpeallachta do Thionscadail Trasteorann ar Mhórscála

Ba cheart go mbeadh a fhios ag tionscnóirí tionscadail freisin go mbeidh rannpháirtíocht phobail de dhíth go ginearálta mar chuid de na próisis le haghaidh toilithe éagsúla. Má bhíonn sé ag gabháil do chomhairliúchán pobail go luath ní gá don tionscnóir tionscadail an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a chur ar an eolas ach ba chóir go n-áireofaí sonraí de i gcoincheap rannpháirtíocht phobail. Foráiltear in Airteagal 9.3 den Rialachán go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta san áireamh aon chineál rannpháirtíochta pobail agus comhairliúcháin a tharla roimh thús an phróisis deonaithe ceada.


3.2 Modhanna Rannpháirtíochta an Phobail

Go ginearálta déanann córais toilithe na hÉireann foráil do chomhairliúchán pobail trí fhorálacha reachtaíochta ábhartha a éilíonn ar iarratasóirí, nó ar an údarás toilithe, fógra a thabhairt don phobal nó do chomhlachtaí sonraithe maidir leis an tionscadal beartaithe.

Is iondúil go gceanglaítear ar iarratasóirí fógra a thabhairt faoi iarratas beartaithe ar thionscadal sna nuachtáin áitiúla agus/nó náisiúnta ar feadh tréimhse sonraithe go hiondúil nuair a chuirtear iarratas isteach. Foilsíonn údaráis phleanála liostaí cásanna seachtainiúla.

I gcoitinne, féadfadh an pobal a bheith rannpháirteach i bpróisis cheada ar na slite seo a leanas:

- Aighneachtaí/tuairimí ag céim an iarratais.
- Aighneachtaí/tuairimí ag céim an achomhairc.
- Tráchtaí ar an tuarascáil measúnaithe tionchair chomhshaoil.
- Tráchtaí ar ráiteas tionchair Natura.
- Rannpháirtíocht in aon éisteacht ó bhéal.
- Athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh.



3.3 Rannpháirtíocht Phobail agus Airteagal 9 de Rialachán 2022/869

Foráiltear le hAirteagal 9, gan dochar do dhlí an chomhshaoil agus d'aon cheanglais faoi Choinbhinsiún Aarhus, Choinbhinsiún Espoo agus dlí ábhartha AE, go gcloífidh gach páirtí a bhfuil baint acu leis an bpróiseas deonaithe ceada leis na prionsabail maidir le rannpháirtíocht phobail a leagtar amach i bpointe (3) larscríbhinn V1

Tá na prionsabail sin liostaithe thíos:

- a. cuirfear na geallsealbhóirí a ndéanann tionscadal leasa choitinn dífead dóibh, lena n-áirítear údaráis ábhartha náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, úinéirí talún agus saoránaigh a chónaíonn i gcomharsanacht an tionscadail, an pobal i gcoitinne agus a gcumainn, a n-eagraíochtaí nó a ngrúpaí, ar an eolas go cuimsitheach agus rachfar i gcomhairle leo go luath a chur i bhfeidhm, ar bhealach cuimsitheach, nuair is féidir ábhair imní a d'fhéadfadh a bheith ag an bpobal a chur san áireamh i gcónaí ar bhealach oscailte trédhearcach. I gcás inarb ábhartha, tacóidh an t-údarás inniúil go gníomhach leis na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh tionscnóir an tionscadail, [tabhair faoi deara nach meastar é seo a bheith ábhartha i gcomhthéacs na hÉireann].
- b. cinnteoidh na húdaráis inniúla náisiúnta go ndéanfar nósanna imeachta comhairliúcháin phobail do thionscadail leasa choitinn a ghrúpáil le chéile i gcás inar féidir lena n-áirítear comhairliúcháin phobail a cheanglaítear cheana faoin dlí náisiúnta. Cumhdóidh gach comhairliúchán pobail na hábhair go léir is ábhartha do chéim áirithe an nós imeachta, agus ní dhíreofar ar ábhar amháin a bhainfidh le céim áirithe an nós imeachta le linn níos mó ná comhairliúchán pobail amháin; mar sin féin, féadfar comhairliúchán pobail amháin a thionól i níos mó ná suíomh geografach amháin. Déanfar na hábhair a ndíreofar orthu sa chomhairliúchán pobail a léiriú go soiléir san fhógra faoin gcomhairliúchán pobail;
- c. ní ghlacfar le barúlacha agus agóidí ach ó thús an chomhairliúcháin phobail go dtí go rachaidh an spriocdháta in éag;
- d. cinnteoidh na tionscnóirí tionscadail go ndéanfar comhairliúcháin le linn tréimhse a cheadóidh rannpháirtíocht oscailte agus chuimsitheach an phobail.

3.4 An Nós Imeachta Réamhiarratais, Rannpháirtíocht Phobail agus Coincheap na Rannpháirtíochta Pobail


Mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, iarrfaimid ar thionscnóirí tionscadail an pobal i gcoitinne a chur ar an eolas agus dul i gcomhairle leis a luaithe agus is féidir agus d'fhéadfaí go n-áireofaí leis seo sula dtabharfaidh tionscnóir an tionscadail fógra foirmiúil don Údarás Inniúil Náisiúnta faoin tionscadal faoi Airteagal 10.3 den Rialachán.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta, dírimid aird na dtionscnóirí tionscadail ar fhorálacha Airteagal 9(3) den Rialachán ina bhforáiltear go gcuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta san áireamh aon chineál rannpháirtíochta pobail agus comhairliúcháin a tharla roimh thús an phróisis deonaithe ceada le linn teacht ar chinneadh ar bith maidir le coincheap rannpháirtíocht phobail.

I gcás tionscadal trasteorann a bhaineann le dhá Bhallstát nó níos mó, ba cheart go ndéanfaí na comhairliúcháin phobail i ngach ceann de na Ballstáit laistigh de thréimhse nach faide ná dhá mhí ón dáta ar cuireadh tús leis an gcéad chomhairliúchán.

I gcás tionscadal ar dóigh dóibh tionchar trasteorann suntasach a bheith acu in aon Bhallstát comharsanachta, a bhfuil feidhm ag Treoir EIA agus ag Coinbhinsiún Espoo maidir leo, cuirfear an fhaisnéis ábhartha ar fáil d'ÚIN an Bhallstáit chomharsanachta lena mbaineann.

Tá tréimhse tháscach 3 mhí ag tionscnóir an tionscadail ó thús an phróisis deonaithe ceada chun coincheap maidir le rannpháirtíocht phobail a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta ní mór dúinn an coincheap a mhodhnú nó a fhaomhadh laistigh de 3 mhí. Déanfar an modhnú nó an formheas tar éis dul i gcomhairle le húdaráis ábhartha eile.



Ba cheart do thionscnóir an tionscadail a thabhairt faoi deara, má tá sé ar intinn aige aon athruithe suntasacha a dhéanamh ar choincheap ceadaithe maidir le rannpháirtíocht phobail, go gcaithfidh sé sinn a chur ar an eolas, mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta. I gcásanna den sórt sin, féadfaimid mionathruithe ar an gcoincheap a iarraidh.

Ní mór don tionscnóir tionscadail comhairliúchán pobail amháin ar a laghad a dhéanamh sula gcuireann sé/sí an comhad iarratais críochnaitheach agus iomlán faoina bhráid. Cuirfidh an comhairliúchán pobail sin na geallsealbhóirí ar an eolas faoin tionscadal ag céim luath agus cabhróidh sé chun an suíomh, an treoht nó an teicneolaíocht is oiriúnaí a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise breithnithe leordhóthanacha maidir le hoiriúnú aeráide don tionscadal, gach tionchar is ábhartha faoi dhlí an Aontais Eorpaigh and faoin dlí náisiúnta, agus na saincheistanna ábhartha a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhad iarratais.

Foilseoidh tionscnóir an tionscadail ar shuíomh Gréasáin an tionscadail tuarascáil ina míneofar conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phobail san áireamh trí na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, ar threoht agus ar dhearadh an tionscadail a thaispeáint, nó trí chúiseanna a sholáthar nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh. Ba cheart don tionscnóir tionscadail tuarascáil a ullmhú freisin ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a tharla roimh thús an phróisis deonaithe ceada. Ní mór an dá thuarascáil seo a chur isteach leis an gcomhad iarratais. Tabharfar aird chuí sa chinneadh cuimsitheach ar thuarascálacha na dtuarascálacha sin.

3.5 Rannpháirtíocht Phobail Sula gcuirtear an Comhad Iarratais Isteach

Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(5) den Rialachán comhthéacs an chomhairliúcháin phobail.

Is iad na sonraí seo:

- a. bileog eolais nach faide ná 15 leathanach a fhoilsiú i bhfoirm leictreonach agus, i gcás inarb ábhartha, i bhfoirm chlóite, ag tabhairt, ar bhealach soiléir agus beacht, forbheathnú ar thuairisc, ar chuspóir agus ar réamh-amchlár chéimeanna forbartha an tionscadail, an náisiúnta plean forbartha eangaí, bealaí eile arna mbreithniú, cineálacha agus tréithe an tionchair ionchasaigh, lena n-áirítear tionchar trasteorann nó de chineál trasteorann, agus bearta maolaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, tá an bhileog faisnéise sin le foilsiú roimh thús an chomhairliúcháin agus caithfear liosta a dhéanamh de sheoltaí gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), an t-ardán trédhearcachta dá dtagraítear in Airteagal 23 agus lámhleabhar nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointe (1) d'Iarscríbhinn VI;

- b. an fhaisnéis ar an gcomhairliúchán a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail leasa choitinn dá dtagraítear in Airteagal 9(7), ar bhoird fógraí na n-oifigí riaracháin áitiúla, agus in asraon amháin, ar a laghad, nó dhá asraon meán áitiúil;
- c. cuireadh a thabhairt, i bhfoirm scríofa nó leictreonach, do na geallsealbhóirí, cumainn, eagraíochtaí agus grúpaí ábhartha lena mbaineann chuig cruinnithe tiomnaithe, a bpléifear ábhair inní lena linn.

Mar Údarás Inniúil Náisiúnta le linn na céime réamhiarratais, beimid ag súil go soláthróidh tionscnóir an tionscadail sonraí den tslí ar comhlíonadh an méid thuas.

3.6 Grúpáil na Nósanna Imeachta Comhairliúchán Pobail

Foráiltear in Iarscríbhinn VI do ghrúpáil na nósanna imeachta comhairliúcháin phobail i gcás tionscadal leasa choitinn nuair is féidir.

I gcomhthéacs na hÉireann, is gnách go mbíonn comhairliúchán pobail ar thionscadail ar leith ar bhonn tíreolaíoch i.e. nuair a éascaítear an pobal i réigiún nó i gceantar atá cóngarach don tionscadal trí sheisiúin eolais nó trí éisteacht ó bhéal a reáchtáil in áit chóngrach.

Agus coincheap rannpháirtíochta pobail á ullmhú againn, molaimid, mar Údarás Náisiúnta Inniúil, do thionscnóirí tionscadail machnamh a dhéanamh ní hamháin ar ghrúpáil tíreolaíoch ach freisin, mar shampla, ar ghrúpáil ar bhonn saincheistanna ábhartha ionas gur féidir leis an bpobal díriú ar shaincheistanna a bhaineann le hiarratais éagsúla i gcás an tionscadail chéanna. Tuigimid go bhféadfadh sé a bheith deacair é seo a bhaint amach ar bhonn saincheistanna mar thoradh ar an Scéim Chomhoibríoch agus ar líon na dtoilithe agus na n-amlínte. D'fhéadfadh comhairliúchán pobail, áfach, díriú ar an iliomad toilithe a theastaíonn agus ar na tionchair chomhshaoil a bheadh i gceist. Mar shampla, d'fhéadfadh saincheist ghiniúint tráchta a bheith ina saincheist ghrúpáilte i gcás ina bhféadfaí impleachtaí tráchta na forbartha, tógáil, oibriú, cothabháil, dúnadh bóithre, atreuithe tráchta, feabhsúcháin bóithre agus fáil éigeantach talún le haghaidh leathnú bóithre, naisc bhóithre trasteorann etc. go léir a phlé in aon láthair amháin cé go bhféadfadh iarratas amháin nó níos mó chuig údarais toilithe éagsúla a bheith i gceist.

Moltar i ndoiciméad AE um Threoir maidir le Nós Imeachta um Measúnú Tionchair Timpeallachta a Chur i bhFeidhm do Thionscadail Trasteorann ar Mórscála comhaontuithe déthaobhacha nó ilnáisiúnta maidir le comhairliúchán pobail trasteorann a reáchtáil lena n-áirítear éisteachtaí poiblí. D'fhéadfadh tionscnóirí tionscadail agus údarais eile lena mbaineann féidearthacht cur chuige den sórt sin a bhreithniú go luath.

3.7 Coincheap na Rannpháirtíochta Pobail

Foráiltear in Iarscríbhinn VI Airteagal 9.3 de Rialachán 2022/869 go ndéanfaidh tionscnóir tionscadail, laistigh de thréimhse táscach trí mhí ó thús an phróisis deonaithe ceada, coincheap maidir le rannpháirtíocht phobail a dhréachtú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta.

Laistigh de thrí mhí ón gcoincheap a fháil agus aon chineál rannpháirtíochta pobail agus comhairliúcháin a tharla roimh thús an phróisis deonaithe ceadanna a chur san áireamh, a mhéid a chomhlíon rannpháirtíocht agus comhairliúchán pobail den sórt sin ceanglais Airteagal 9 an Údaráis Inniúil Náisiúnta, iarrfaidh an tÚdarás modhnuithe nó formheasfaidh sé an coincheap. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta lorgóimid tuairim na n-údarás ábhartha eile lena mbaineann ar an gcoincheap.

Mar gheall ar an bhfráma ama an-ghearr 3 mhí chun coincheap rannpháirtíochta pobail a mhodhnú nó a fhorpheas, scaipfimid an coincheap ar na húdaráis ábhartha agus beidh tréimhse tuairimí idir 3 agus 4 seachtaine ann de ghnáth. Ní shamhlaímid go mbeidh aon deis ann. Le síneadh a chur leis an tréimhse ama sin i bhfianaise cheanglais an Rialacháin. Ba cheart do gach údarás lena mbaineann, dá bhrí sin, aon phróisis inmheánacha a bhunú is gá chun an t-amlíne tugtha a chomhlíonadh.

Soláthraíonn Iarscríbhinn VI(4) den Rialachán sonraí den íosmhéid a bheidh i gceist leis an gcoincheap. Is iad na sonraí seo:

- a. na geallsealbhóirí lena mbaineann agus ar díriodh orthu;
- b. na bearta atá beartaithe, lena n-áirítear láithreacha ginearálta beartaithe agus dátaí cruinnithe tiomnaithe;
- c. an t-amlíne;
- d. na hacmhainní daonna a leithdháiltear ar thascanna éagsúla

Tarraingíonn an tÚdarás Inniúil Náisiúnta aird na dtionscnóirí tionscadail ar cheanglais an Rialacháin Ghinearálta ar Chosaint Sonraí agus ar cheart bunúsach na saoránach chun príobháideachta maidir le haon ábhar a fhoilsítear i gcoincheap rannpháirtíochta pobail. Go ginearálta, tá sé beartaithe ag an Údarás Inniúil Náisiúnta, i gcás ina bhfuil coincheap rannpháirtíochta pobail do thionscadal ar leith modhnaithe nó formheasta aige, ceangal a chur ar thionscnóir an tionscadail coincheap rannpháirtíochta pobail modhnaithe nó formheasta a fhoilsiú ar shuíomh Gréasáin an tionscadail mar mhodh eile chun trédhearcacht agus rannpháirtíocht phobail a fheabhsú.

I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag tionscnóir an tionscadail athruithe suntasacha a dhéanamh ar choincheap ceadaithe do rannpháirtíocht phobail, cuirfidh tionscnóir an tionscadail an Bord Pleanála (ÚIN) ar an eolas. Sna cásanna sin, féadfaimid modhnuithe a iarraidh.

3.8 Láithreán Gréasáin an Tionscadail agus Rannpháirtíocht Phobail

Ní mór don tionscnóir tionscadail suíomh Gréasáin tiomnaithe a bhunú agus a nuashonrú go rialta le faisnéis ábhartha faoin tionscadal.

Ní gá go mbeadh aon fhaisnéis san fhaisnéis a mheastar a bheith íogair ó thaobh tráchtála de. Ní mór an suíomh Gréasáin a nascadh le suíomh Gréasáin an Choimisiúin Fuinnimh agus leis an ardán trédhearcachta. Ní mór don suíomh Gréasáin an ceanglas a shonraítear i bpointe (6) d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán a chomhlíonadh.

Seo an t-eolas:

- a. an dáta a nuashonraíodh láithreán gréasáin an tionscadail den uair dheireanach;
- b. aistriúcháin ar a ábhar isteach i dteangacha uile na mBallstát lena mbaineann an tionscadal nó a bhfuil tionchar suntasach trasteorann ag an tionscadal orthu;
- c. an bhileog eolais nuashonraithe leis na sonraí is déanaí ar an tionscadal;
- d. achoimre neamhtheicniúil a thugtar cothrom le dáta go rialta ina léirítear stádas reatha an tionscadail, lena n-áirítear faisnéis gheografach, agus a léiríonn go soiléir, i gcás nuashonruithe, athruithe ar leaganacha roimhe seo;
- e. an plean cur chun feidhme nuashonraithe leis na sonraí is déanaí ar an tionscadal;
- f. na cistí arna leithdháileadh agus arna n-eisíoc ag an Aontas Eorpach don tionscadal;
- g. pleanáil an tionscadail agus an chomhairliúcháin phoibail, ina léirítear go soiléir dátaí agus láithreacha le haghaidh comhairliúcháin agus éisteachtaí poiblí agus na hábhair a shamhlaítear a bheidh ábhartha do na héisteachtaí sin;
- h. sonraí teagmhála d'fhonn faisnéis nó doiciméid bhreise a fháil;
- i. sonraí teagmhála d'fhonn tuairimí agus agóidí a chur in iúl le linn comhairliúcháin phobail.

Ba cheart do Thionscnóirí Tionscadail faisnéis ábhartha a fhoilsiú freisin ar bhealaí eile nuair is cuí.

3.9 Rannpháirtíocht Phobail

Mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta faoin Scéim Chomhoibritheach is é ról an Bhoird Pleanála go príomha na toilithe éagsúla ó na húdaráis a chomhordú.

Mar sin, tá rannpháirtíocht an phobail laistigh de na próisis aonair deonaithe toilithe atá á n-oibriú ag údaráis eile i bPoblacht na hÉireann laistigh d’inniúlacht na n-údarás sin ag an gcéim reachtúil seo den phróiseas deonaithe ceada.

3.9.1 Rannpháirtíocht Phobail agus An Bord Pleanála


Gheofar **anseo** Treoir do Rannpháirtíocht Phobail i leith Forbairt Bonneagair Straitéisigh.

3.9.2 Rannpháirtíocht Phobail agus Iarratais Urthrá

Gheofar **anseo** eolas maidir le rannpháirtíocht phobail i dtaca le hiarratais urthrá.

3.9.3 Rannpháirtíocht Phobail agus an GCC

Gheofar **anseo** eolas maidir le rannpháirtíocht pobail reachtúil an GCC sa phróiseas ceadúnúcháin agus cead.



4. An Próiseas Deonaithe Ceada

Dhá nós imeachta atá sa phróiseas deonaithe ceada: (a) an nós imeachta réamhiarratais agus (b) an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada.

Aon staidéar bailí arna dhéanamh agus ceadanna nó údaruithe arna n-eisiúint do thionscadal ar leith ar liosta an Aontais sula ndeachaigh an tionscadal isteach sa phróiseas deonaithe ceada, cuirfidh an mBord Pleanála (ÚIN) san áireamh iad sa phróiseas deonaithe ceada agus ní bheidh aon staidéar ná cead ná údarú dúblach de dhíth.

4.1 Fógra Tionscadail

Chun tús an phróisis deonaithe ceada a bhunú, ní mór don tionscnóir tionscadail fógra a thabhairt faoin tionscadal d'Údarás Inniúil Náisiúnta gach Ballstáit.

Ba cheart do thionscnóir an tionscadail é sin a chur in iúl dúinn trí ríomhphost nó litir a sheoladh chuig ár n-oifigí i mBaile Átha Cliath. Ba chóir go mbeadh cur síos réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal san fhógra. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta níl foirm iarratais fhoirmiúil tugtha isteach againn don fhógra scríofa seo. Le linn na tréimhse 3 mhí atá ar fáil chun an fógra a admháil nó a dhiúltú, rachaimid i dteagmháil leis na húdaráis eile go léir lena mbaineann lena measúnú a fháil ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil an tionscadal aibí go leor chun dul isteach sa phróiseas deonaithe ceada. Tá sé riachtanach, mar sin, go dtabharfadh tionscnóir an tionscadail sonraí na gceadanna agus na n-údaruithe a bheidh ag teastáil ag an gcéim seo. Sa chás nach n-aithnítear aon chead nó údarú a theastaíonn, d'fhéadfaí moill a chur ar an bpróiseas dá bharr. Tabhair faoi deara nach n-áirítear an tréimhse 3 mhí seo sa tréimhse táscach 2 bhliain don nós imeachta réamhiarratais. Measúnú ar cibé an bhfuil tionscadal “aibí”, is éard atá i gceist i ndáiríre ná cibé an dócha go bhfuil an tionscadal fada go leor chun cinn le bheith in ann iarratas a chur isteach ar cheadanna nó údaruithe is gá don tionscadal laistigh de bhliain nó dhnó den fhógra scríofa.

Mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, molaimid do thionscnóirí tionscadail dul i dteagmháil le gach údarás lena mbaineann sula gcuirtear an tionscadal in iúl go foirmiúil dúinn. Molaimid gur cheart do thionscnóir an tionscadail roimh theagmháil a dhéanamh linn:

- Tús a chur le gach próiseas réamhiarratais riachtanach leis na húdaráis eile lena mbaineann.
- Teagmháil a bheith bunaithe acu leis na húdaráis ábhartha go léir (agus cuir sonraí teagmhála san áireamh agus muid á gcur ar an eolas).
- Eolas a bheith tugtha do na húdaráis go léir i dtrácht faoin tionscadal.
- Dóthain pleananna agus doiciméid a bheith soláthraithe acu do na húdaráis chun cur síos a dhéanamh ar nádúr agus ar mhéid an tionscadail.
- Na húdaráis lena mbaineann a bheith curtha ar an eolas go ginearálta faoi na scálaí ama féideartha lena n-áirítear an fógra tionscadail atá beartaithe dúinne.

Ina theannta sin, moltar go gcuirfí an pobal ar an eolas chomh luath agus is féidir faoin tionscadal lena n-áirítear roghanna eile a mheas. Ba cheart go mbeadh a fhios ag tionscnóirí tionscadail go ndéanfar comhairliúchán pobail amháin ar a laghad sula gcuirfidh tionscnóir an tionscadail an t-iarratas críochnaitheach deiridh isteach. Cuirfidh an comhairliúchán pobail sin na geallsealbhóirí ar an eolas faoin tionscadal ag céim luath agus cabhróidh sé chun an suíomh, an treoht nó an teicneolaíocht is oiriúnaí a shainaithint, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, i bhfianaise breithnithe leordhóthanacha maidir le hoiriúnú aeráide don tionscadal, gach tionchar is ábhartha faoi dhlí an Aontais and faoin dlí náisiúnta, agus na saincheistanna ábhartha a dtabharfar aghaidh orthu sa chomhad iarratais. Comhlíonfaidh an comhairliúchán pobail na híosriachtanais atá leagtha amach i bpointe (5) d'larscríbhinn VI. Gan dochar do na rialacha nós imeachta agus trédhearcachta i mBallstáit, foilseoidh tionscnóir an tionscadail ar shuíomh Gréasáin an tionscadail tuarascáil ina míneofar conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phobail san áireamh trí na leasuithe a rinneadh ar shuíomh, ar threoht agus ar dhearadh an tionscadail a thaispeáint, nó trí chúiseanna a sholáthar nár cuireadh na tuairimí sin san áireamh.

Ullmhóidh tionscnóir an tionscadail tuarascáil ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht phobail sular cuireadh isteach an comhad iarratais, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a tharla roimh thús an phróisis deonaithe ceada. Cuirfidh tionscnóir an tionscadail na tuarascálacha mar aon leis an gcomhad iarratais faoi bhráid an údaráis inniúil náisiúnta. Tabharfar aird chúí sa chinneadh cuimsitheach ar thuarascálacha na dtuarascálacha sin.

Chuige sin, ní mór smaoineamh ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Fógraí i nuachtáin áitiúla ina mbeidh nasc chuig suíomh gréasáin an tionscadail beag beann ar a iomláine atá an t-eolas atá ar fáil.
- Teagmhail le comhairleoirí contae áitiúla agus le teachtaí Dála.
- Teagmháil le haon chumann cónaitheoirí.
- Teagmháil le haon Chumann Tráchtála.

Tar éis fógra maidir leis an tionscadal a fháil ó thionscnóirí an tionscadail, beidh 3 mhí againn leis an bhfógra a ghlacadh nó a dhiúltú (thar ceann na n-údarás i dtrácht). Mar chuid den fhógra ní mór don tionscnóir tionscadail breac-chuntas réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal a chur faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Beidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta ag súil go sonrúidh tionscnóir an tionscadail nádúr agus réim an tionscadail agus go liostóidhn sé na ceadanna agus na húdaruithe ar leith go léir a theastaíonn, i dtuairim an tionscnóra tionscadail, chun an cinneadh cuimsitheach a eisiúint.

Meastar go soláthróidh imlíne réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal dóthain mionsonraí chun na húdaráis go léir a dteastaíonn a dtoiliú a chur ar an eolas faoi nádúr agus méid an tionscadail ag féachaint dá bhfreagrachtaí reachtúla. Ba cheart go gcuirfeadh na sonraí a chuirtear ar fáil ar chumas na n-údarás raon feidhme an tionscadail a thuiscint agus a bheith sásta go ginearálta go dtuigeann tionscnóir an tionscadail gach ábhar, saincheist, srianta, rannpháirtíocht phobail, tuarascálacha teicniúla agus comhshaoil a theastaíonn, agus leibhéal mionsonraí na bpleananna agus na líníochtaí agus na sonraíochtaí teicniúla atá le taisceadh.


Ní gá go mbeadh aon tuarascáil, plan nó sonraíocht den sórt sin a ghabhann leis an bhfógra críochnaithe ag an gcéim seo den phróiseas. Mar sin féin, ní mór go mbeadh an leibhéal mionsonraí a chuirtear ar fáil dóthanach chun a chinntiú d'údarás ábhartha go dtuigeann tionscnóir an tionscadail go hiomlán an chastacht agus na sonraí a theastaíonn. Nuair nach bhfuil a leithéid de mhionsonraí curtha ar fáil go hiomlán ba chóir scála ama a thabhairt lena gcur ar fáil agus an scála ama seo a nascadh le scála ama ar bith maidir le haon iarratas a chur faoi bhráid an údaráis ábhartha. Tá faisnéis ar cháipéisíocht riachtanach chun dul i mbun plé réamharratais leis an mBord Pleanála (Rannóg an Bhonneagair Straitéisigh), an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht (Ceadúnas Urthrá), an Coimisiún um Rialáil Fónas (CRU) agus an GCC ar fáil ar a suíomhanna Gréasáin.

Tosaíonn an próiseas deonaithe ceada ar an dáta a síníonn an tÚdarás Inniúil Náisiúnta admháil an fhógra. Foráiltear sa Rialachán do 3 mhí don chéim fógra seo. Beidh a fhios ag tionscnóirí tionscadail gur ról comhordaithe é ról an Údaráis Inniúil Náisiúnta faoin Scéim Chomhoibríoch. Dá réir sin, má chuireann aon údarás lena mbaineann in iúl dúinn nach measann sé, ag féachaint dá réimse inniúlachta, go bhfuil an tionscadal aibí go leor chun dul isteach sa phróiseas, diúltóidh muidne mar an tÚdarás Inniúil Náisiúnta don fhógra.

Tá sé seo beag beann ar aon údarás eile (nó gach údarás eile) lena mbaineann a chuireann in iúl dúinn go measann siad go bhfuil an tionscadal aibí go leor le dul isteach sa phróiseas. Agus an beart seo á dhéanamh acu, ba cheart go mbeadh a fhios ag tionscnóirí tionscadail nach bhfuil aon údarás againne mar Údarás Inniúil Náisiúnta faoin Scéim Chomhoibríoch chun aon údarás lena mbaineann a shárú maidir lena réimse saineolais féin. Aon uair a dhiúltóidh muid fógra déanfaimid é sin i scríbhinn lena n-áirítear thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann agus soláthróimid cúis(eanna) leis an diúltú.

Sa chás nach bhfuil aon mheasúnú comhshaoil de dhíth ar thionscadal, féadfaimid cinneadh a dhéanamh nach bhfuil gá leis an nós imeachta réamhiarratais. Nuair a bhíonn tionscnóir tionscadail ag tabhairt fógra dúinn faoi thionscadal, féadfaidh siad a chur in iúl má mheasann siad go bhféadfadh a dtionscadal a bheith sa chatagóir seo.

Is é dáta ar a sínimid admháil an fhógra an dáta ar a gcuirtear tús leis an bpróiseas deonaithe ceada. I gcás ina bhfuil dhá Bhallstát nó níos mó i gceist, is é an dáta ar glacadh leis an bhfógra deiridh an tús.



Figiúr 1. Fógra Tionscadail

4.2 An Nós Imeachta Réamhiarratais

Clúdaíonn an nós imeachta réamhiarratais an tréimhse idir tús an phróisis deonaithe ceadan agus glacadh an chomhaid iarratais arna chur isteach ag an Údarás Inniúil Náisiúnta.

Tá an tréimhse seo le tarlú laistigh de thréimhse táscach 2 bhliain. Déantar foráil in Airteagal 10.2 den Rialachán maidir le síneadh a chur leis an tréimhse ama. Ní rachaidh aon fhadú ar chomhfhad an dá nós imeachta (an nós imeachta réamhiarratais agus an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada) thar 9 mí seachas in imthosca eisceachtúla.

Tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis fógra a fháil faoin tionscadal, cinnfidh an Bord Pleanála (ÚIN) i ndlúthchomhar leis na húdaráis lena mbaineann raon feidhme na dtuarascálacha agus na ndoiciméad agus leibhéal na faisnéise a bheidh le cur isteach. Déanfar an cinneadh seo ar bhonn an tseicliosta a thugtar sa Lámhleabhar seo. Measaimid go bhfuil sé cuí go ginearálta go gcuirfear tús leis an gcéim seo den phróiseas ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail.

Dréachtóidh an ÚIN freisin, i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis lena mbaineann, sceideal mionsonraithe don phróiseas deonaithe ceada. Cuirfear san áireamh sa sceideal seo torthaí raon na dtuarascálacha/na ndoiciméad/na sonraí faisnéise a cinneadh a chaithfear a chur isteach mar chuid den chomhad iarratais.

Ar an Dréachtchomhad iarratais a fháil, iarrfaidh an ÚIN, thar ceann na n-údarás lena mbaineann, ar thionscnóir an tionscadail aon fhaisnéis atá in easnamh a chur isteach. Laistigh de 3 mhí ón dáta a chuirtear isteach an fhaisnéis atá in easnamh, glacfaidh an ÚIN leis an iarratas ar ardán digiteach lena scrúdú. Cuirfidh sé seo tús leis an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada. Ní dhéanfar aon iarratas ar fhaisnéis bhreise ach amháin nuair atá údar leis de bharr imthosca nua.

Cinntoidh tionscnóir an tionscadail go bhfuil an comhad iarratais comhlánaithe ina iomláine agus lorgóidh sé ár dtuairim ar an ábhar a luaithe is féidir le linn an phróisis deonaithe ceada.


Ba cheart gach tuarascáil comhshaoil, lena n-áirítear na doiciméid um oiriúnú aeráide, a chaithfidh tionscnóir an tionscadail a ullmhú, a ullmhú ag an gcéim réamhiarratais.

Tá an tÚdarás Inniúil Náisiúnta sásta bualadh le tionscnóir an tionscadail chun aon ghné den phróiseas deonaithe ceada a phlé agus a shoiléiriú le linn chéim an nós imeachta réamhiarratais. Go ginearálta déanfaidh foireann riaracháin ionadaíocht don ÚIN ag cruinnithe.

Ní bheidh aon chomhalta Boird i láthair ag na cruinnithe seo. Ar mhaithe le hamhras a sheachaint ba cheart a thuiscint nach bpléifear fiúntas nó easpa fiúntais tionscadail ag na cruinnithe seo. Déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta taifead den chruinniú agus nuair a bheidh an próiseas deonaithe ceada curtha i gcrích cuirfear taifid na gcruinnithe ar fad ar fáil don phobal trína gcur ar ár suíomh Gréasáin.

Ba chóir go mbeadh tionscnóirí tionscadail ar an eolas freisin go gcuirfimid gach doiciméad a gheofar mar chuid den phróiseas ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Áireofar ar dhoiciméid den sórt sin:

- Fógra ó thionscnóir an tionscadail.
- Admháil den fhógra.
- Taifead de gach cruinniú.
- Gach tuarascáil inmheánach ón Údarás Inniúil Náisiúnta.
- Coincheap don Rannpháirtíocht Phobail.
- Tuarascálacha a fuarthas ó aon údarás i dtrácht.
- Dréachtchomhad Iarratais.
- Iarratais agus freagraí maidir le hEolas atá ar Iarraidh.



4.2.1 Eolas atá de Dhíth

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, faoi Airteagal 10.6 den Rialachán, go bhféadfar raon feidhme an ábhair agus leibhéal mionsonraí na faisnéise a shainaithint ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail. Mar Údarás Inniúil Náisiúnta rachaimid ar aghaidh go ginearálta trí thogra dá leithéid a lorg. Tá an tionscadal faoi úinéireacht thionscnóir an tionscadail go bunúsach agus beidh an t-eolas is fearr ar shonraí an tionscadail ag tionscnóir an tionscadail. Dá bhrí sin, is ag tionscnóir an tionscadail is fearr a bheidh an t-eolas faoin bhfaisnéis mhionsonraithe atá de dhíth ar na húdaráis ar fad lena mbaineann. Ba cheart do thionscnóir an tionscadail, dá bhrí sin, togra a chur isteach tríd an doiciméadacht a chur isteach (cé nach gá dó a bheith ina iomláine) nó trí sceideal de na doiciméid a bheartaítear a chur isteach a chur isteach in éineacht leis na hiarratais ábhartha ar thoiliú. Ba cheart go n-áireofaí ar a laghad in aon sceideal doiciméad clár ábhar na dtuarascálacha teicniúla éagsúla (i gcás inarb infheidhme) lena n-áirítear, mar shampla, EIAR nó NIS i gcás ina mbeadh feidhm leo. Ba cheart go mbeadh aon phleananna nó líníochtaí atá riachtanach chun suíomh, raon agus fairsinge an tionscadail a shainaithint cruinn go leor chun cur ar chumas na n-údarás ábhartha comhthéacs an tsuímh a scrúdú i dtéarmaí a leagan amach agus a ghaol le láithreáin in aice láimhe, sa chomharsanacht nó le láithreáin ábhartha eile.

Sa chás go bhfuil tionscadal líneach i gceist, ba cheart an bealach a thaispeáint chomh cruinn agus is féidir agus aon athrú féideartha aitheanta lena n-áirítear aon limistéir seirbhíse coimhdeacha nó rochtana.

I gcás aon talaimh nach bhfuil faoi úinéireacht nó faoi rialú an tionscnóra tionscadail, ba cheart sonraí faoi na leasanna dlíthiúla atá beartaithe a thabhairt gan ainmneacha na n-úinéirí a thabhairt nó iad a shainaithint d'fhonn a shuí go bhfuil leas leordhóthanach ann chun iarratas a dhéanamh faoi na próisis éagsúla um thoiliú reachtach a theastaíonn. Níor cheart aon fhaisnéis atá íogair ó thaobh na tráchtála de nó pearsanta a chur isteach mura bhfuil toiliú sainráite na ndaoine lena mbaineann ag gabháil leis.

4.2.2 Sceideal Mionsonraithe don Phróiseas um Dheonú Ceada

Dréachtóidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta sceideal mionsonraithe don phróiseas deonaithe ceada. Déanfar an sceideal a tharraingt suas i ndlúthchomhar le tionscnóir an tionscadail agus leis na húdaráis eile lena mbaineann. Ba chóir a thabhairt faoi deara gur gá a chur san áireamh sa sceideal seo aon phróisis achomhairc a chuimsítear laistigh de nósanna imeachta éagsúla um dheonú toilithe na n-údarás éagsúil. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo mar shampla aon achomharc i gcoinne cinnidh a rinne Údarás Rialaithe Foirgníochta atá ceadaithe faoi na hAchtanna um Rialú Foirgníochta.

Ní chuimseodh sé, áfach, caingne dlí. Leagtar amach in Iarscríbhinn VI(2) den Rialachán na treoirlínte don sceideal. Is iad seo na Treoirlínte, arb ionann iad agus an t-íosmhéid a theastaíonn:


- a. na cinntí agus na tuairimí a chaithfear a fhail;
- b. na húdaráis, na geallsealbhóirí, agus an pobal is dócha a ndéanfaidh sé difear dóibh;
- c. céimeanna aonair an nós imeachta agus an fad a mhairfidh siad;
- d. na clochmhílte móra a chaithfear a bhaint amach agus a sprioclaethanta i bhfianaise an chinnidh chuimsithigh a chaithfear a dhéanamh;
- e. na hacmhainní atá beartaithe ag na húdaráis agus na riachtanais acmhainne breise a d'fhéadfadh a bheith ann.

D'fhéadfaimis bualadh le tionscnóir an tionscadail maidir leis an Sceideal.

4.2.3 Seicliosta

Seo a leanas seicliosta de na doiciméid a chuirfear isteach de ghnáth mar chuid den chomhad iarratais don chinneadh cuimsitheach.

- Sceideal na gceadanna/na n-údaruithe a theastaíonn chun an bonneagar fuinnimh a thógáil tríd an deis a bheith ann na hoibreacha tógála riachtanacha a thosú, nó a sholáthar agus a thosú (an chéim réidh le tógáil).
- Ráiteas ina ndearbhaítear gur chuir tionscnóir an tionscadail sonraí faoi na ceadanna/údaruithe go léir atá ag teastáil isteach.
- Sonraí teagmhála a sholáthar do gach ceann de na húdaráis lena mbaineann.
- Doiciméad ina sonraítear an fhaisnéis agus na pleananna agus na sonraí go léir a theastaíonn le haghaidh gach iarratas ar leith ar thoiliú a theastaíonn don chinneadh cuimsitheach. Ba cheart go n-áireofaí anseo sonraí na measúnuithe comhshaoil.
- Sonraí de dhoiciméid ar bith mar thuarascálacha nó suirbhéanna atá neamhiomlán mar aon le hamlíne measta chun iad a chríochnú.
- Sceideal de na dátaí beartaithe le haghaidh lóisteáil na n-iarratas ábhartha ar fad ar cheadanna/údaruithe lena mbaineann.
- Sonraí teagmhála thionscnóir an tionscadail.
- Seoladh shuíomh Gréasáin tiomnaithe an tionscadail.




4.2.4 Dréachtchomhad Iarratais

Ba cheart go mbeadh na dréacht-iarratais go léir a chuirfear faoi bhráid na n-údarás lena mbaineann sa dréachtchomhad iarratais a chuirtear faoi bhráid an Údaráis Inniúil Náisiúnta. Ba cheart go mbeadh na dréacht-iarratais seo chomh hiomlán agus is féidir. Ba chóir aon easnaimh nó tuarascálacha, suirbhéanna nó measúnuithe neamhchríochnaithe a shainaithint i litir chlúdaigh agus laistigh de chorp na tuarascála, an tsuirbhé nó an mheasúnaithe chun an scrúdú a éascú. Ba chóir aon táille nó éarlais a chaithfear a thaisceadh in éineacht le haon cheann de na hiarratais a lua freisin chun críocha scrúdaithe cé nár cheart an táille nó an éarlais féin a chur isteach leis. Tá táillí den sórt sin iníoctha go díreach leis na húdaráis lena mbaineann. Níl aon táille iníoctha leis an Údarás Inniúil Náisiúnta maidir le tionscadal ar liosta an Aontais maidir leis an bpróiseas deonaithe ceada.

Ba cheart an dréachtchomhad iarratais a chur isteach i bhformáid leictreonach. Cuirfear tionscnóir an tionscadail ar an eolas faoi líon beacht na gcóipeanna leictreonacha a theastaíonn ar bhonn cáis ag brath ar líon na n-údarás eile lena mbaineann. Ba cheart go ndéanfaí an dréachtchomhad iarratais a lipéadú/a mharcáil go soiléir le taispeáint cad iad na na codanna atá ábhartha maidir leis na húdaráis. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt doiciméad, EIAR mar shampla, ábhartha maidir le roinnt údarás agus ba cheart iad seo a shainaithint. Ba chóir ainm teagmhála le haghaidh cóipeanna breise (má tá siad ag teastáil) a thabhairt sa litir chlúdaigh.

Ar na doiciméid a fháil, déanfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta cóip leictreonach den dréachtchomhad iarratais iomlán a scaipeadh ar gach ceann de na húdaráis eile i dtrácht. Tabhair faoi deara nach ndéanfaidh an tÚIN féin aon scrúdú nó measúnú ar an dréachtchomhad iarratais agus ní sheiceálfaimid go bhfuil gach doiciméad sonraithe ann. Déanfaidh na húdaráis lena mbaineann é sin ag féachaint dá bhfreagrachtaí reachtúla.

Is faoi gach údarás lena mbaineann a bheidh sé scrúdú a dhéanamh ar an gcáipéisíocht a gheofar agus freagra a thabhairt don Údarás Inniúil Náisiúnta agus comhairle a thabhairt don Údarás Inniúil Náisiúnta cibé an bhfuil nó nach bhfuil aon fhaisnéis in easnamh. Ba cheart faisnéis atá ar iarraidh sa chomhthéacs seo a thuiscint trí thagairt a dhéanamh d'Airteagal 10.6(c) den Rialachán.



I gcás nach bhfuil aon fhaisnéis in easnamh, cuirfidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta é sin in iúl do thionscnóir an tionscadail agus luafaidh sé go bhfuiltear ag glacadh leis an dréachtchomhad iarratais mar chomhad iarratais le héifeacht ó dháta na litreach a d'eisíomar. Cuirfidh sé seo deireadh leis an nós imeachta réamhiarratais.

I gcás ina n-aithnítear faisnéis in easnamh, is faoi thionscnóir an tionscadail a bheidh sé díriú ar na hábhair a tarraingíodh anuas agus an fhaisnéis atá in easnamh a sholáthar. Ní chuirfimid aon teorainn ama air seo. Ba cheart, áfach, go mbeadh tionscnóirí tionscadail ar an eolas faoi na teorainneacha ama foriomlána atá i gceist agus go mbeadh a fhios acu go bhféadfadh go mbeadh ar an Údarás Inniúil Náisiúnta forálacha Airteagal 10.2 den Rialachán a agairt agus an teorainn ama a shíneadh. Déanfar aon síneadh ama a d'fhéadfaí a úsáid a mheasúnú ar bhonn cáis.


Nuair a sholáthróidh tionscnóir an tionscadail an fhaisnéis atá in easnamh, déanfar an fhaisnéis sin a scaipeadh ar na húdaráis eile lena mbaineann lena measúnú. Féadfar cóip a thabhairt do chuid de na húdaráis lena mbaineann mar eolas amháin. Ba cheart go leanfadh soláthar na faisnéise atá in easnamh an fhoráid chéanna agus a bhí sa bhunaighneacht ar an dréachtchomhad iarratais.


Ar mhaithe le soiléireacht, i gcás ina n-eascraíonn saincheist maidir le Faisnéis ar Iarraidh agus go gcuirtear an Fhaisnéis ar Iarraidh ar fáil, tabharfar cuireadh do thionscnóir an tionscadail cóip amháin de na doiciméid go léir a chuimsítear sa doiciméad a cuireadh isteach mar an dréachtchomhad iarratais bunaidh agus an fhaisnéis atá in easnamh a chur isteach agus admhófar go gcomhdhéanann sé seo an comhad iarratais.

Ós rud é go bhféadfadh tréimhse ama a bheith ann ó cuireadh an bunchomhad iarratais isteach is féidir go nglacfar le haon athruithe nó leasuithe mura mbaineann siad le hábhar má bhíonn litir chúlúdaigh ag gabháil leis ina sonraítear na hathruithe.

Glactar leis go bhféadfadh faisnéis nuashonraithe nó tuarascálacha comhlánaithe, suirbhéanna agus measúnuithe a aithníodh roimhe seo a bheith in iarratais a dhéanfar ina dhiaidh sin chuig na húdaráis ábhartha.

Tá sreafaí oibre le haghaidh fógra tionscadail, nós imeachta réamhiarratais agus nós imeachta reachtúil deonaithe ceada san áireamh sa Lámhleabhar seo.






Figiúr 2. An Nós Imeachta Réamharratais

Nótaí:

1. Ba chóir go mbeadh cur síos réasúnta mionsonraithe ar an tionscadal san fhógra.
2. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (ÚIN) thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann. Teorainn ama trí mhí.
3. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (ÚIN) i ndlúthchomhar leis na húdarás eile lena mbaineann agus, nuair is cuí, ar bhonn togra ó thionscnóir an tionscadail. Teorainn ama sé mhí.
4. Feidhmíonn an Bord Pleanála (ÚIN) i ndlúth-chomhoibriú le tionscnóir an tionscadail agus le húdarás eile lena mbaineann.
5. Cuireann Tionscnóir an Tionscadail tuarascálacha isteach faoi Airteagal 9.4 leis an gcomhad iarratais. Áirítear leis an nós imeachta seo ullmhú aon tuarascálacha comhshaoil atá le hullmhú ag tionscnóir an tionscadail.

Cuirtear coincheap maidir le rannpháirtíocht phobail isteach laistigh de thréimhse táscach 3 mhí ó thús an phróisis deonaithe ceada.

Sula gcuirfeadh an comhad iarratais isteach beidh comhairliúchán poiblí le déanamh: déan tagairt d'larscríbhinn VI(5) de Rialachán 2022/869 le haghaidh na n-íoscheanglas.



4.3 An Nós Imeachta Reachtúil um Dheonú Ceada agus an Comhad Iarratais

Glacfar leis an gcomhad iarratais lena scrúdú i bhfoirm scríofa nó trína uaslódáil chuig ardán digiteach. Mionsonróimid an bealach is fearr i gcás gach comhad iarratais tionscadail ach is é ár rogha ardán digiteach a úsáid.

Clúdaíonn an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada an tréimhse ón dáta a nglacfar leis an gcomhad iarratais a cuireadh isteach go dtí go ndéanfar cinneadh cuimsitheach. Forálann Airteagal 10.1(b) den Rialachán nach rachaidh an tréimhse thar 18 mí. Cé nár cheart go rachadh comhfhad an dá nós imeachta thar thréimhse 42 mhí, foráiltear leis an Rialachán, i gcás ina measann an tÚdarás Inniúil Náisiúnta nach mbeidh ceann amháin nó an dá nós imeachta (nós imeachta réamhiarratais agus nós imeachta reachtúil deonaithe ceadanna) tugtha chun críche roimh na teorainneacha ama socraithe, gur féidir leis a chinneadh sula n-éagann siad agus ar bhonn cáis, ceann amháin nó an dá cheann de na teorainneacha ama sin a fhadú 9 mí ar a mhéid don dá nós imeachta le chéile.

Déanfaidh gach údarás ar leith lena mbaineann na hiarratais ar thoiliú a theastaíonn le haghaidh tionscadail a bhaineann lena fheidhmeanna reachtúla a mheas. I gcás ina ndiúltaíonn aon údarás atá freagrach as an toiliú a eisiúint a éilítear mar chuid den chinneadh cuimsitheach an toiliú a fhorghnó, beidh de thoradh air sin nach n-eiseofar an cinneadh cuimsitheach.


Agus measúnú á dhéanamh ar aon iarratas a dhéanfar beidh dlínse iomlán ag na húdaráis agus aird acu ar gach ábhar pleanála, comhshaoil, sláinte daonna agus sábháilteachta agus ábhair agus oibleagáidí ábhartha eile a bheadh ina ngnáthchuid dá bhfreagracht reachtúil agus measúnú ar thionscadail. Áireofar leis sin iad siúd a eascraíonn as forálacha an Mheasúnaithe Tionchair Timpeallachta, na Treorach Gnáthóga (agus Éin), agus na Creat-Treoracha Uisce. Tabharfaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta aird freisin ar fhorálacha an Rialacháin agus déanfaidh sé iarracht, i gcás inar féidir, foráil a dhéanamh do nósanna imeachta comhpháirteacha le Ballstáit eile maidir le measúnú a dhéanamh ar thionchair chomhshaoil. Dírítear aird na dtionscnóirí tionscadail ar an gcáipéis treorach

“Streamlining environmental procedures for energy infrastructure Projects of Common Interest” arna fhoilsiú ag an gCoimisiún Eorpach, Comhshaoil agus Fuinneamh.”

Ba cheart go mbeadh a fhios ag tionscnóirí tionscadail, a luaithe a chuirtear tús leis an nós imeachta reachtúil deonaithe ceada, gurb é an príomhról a bheidh ag an Údarás Inniúil Náisiúnta ná monatóireacht a dhéanamh ar amlínte.

Rachaidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta i dteagmháil le húdaráis ábhartha chun nuashonruithe ar dhul chun cinn a lorg agus a fháil amach cibé an dócha go mbainfear spriocdhátaí amach. Chun an próiseas seo a éascú, iarratar ar thionscnóirí tionscadail an tÚdarás Inniúil Náisiúnta a choimeád ar an eolas faoi aon athruithe nó mhoilleanna ar an tionscadal ionas go mbeidh an monatóireacht éifeachtach.

Tá sreabhchairt don nós imeachta reachtúil um thoilíú ceada i gceangal.



Figiúr 3. Nótaí an Nós Imeachta Reachtach um Deonú

Cead:

1. Gníomhaíonn an Bord Pleanála (ÚIN) thar ceann na n-údarás eile lena mbaineann. Beidh tuarascálacha arna n-ullmhú ag tionscnóir an tionscadail ag gabháil leis an gcomhad iarratais ina mínítear conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phobail san áireamh agus ina dtabharfar achoimre ar thorthaí na ngníomhaíochtaí rannpháirtíochta pobail.
2. Tabharfar aird chuí ar thorthaí thuarascálacha Airteagal 9.4 a glacadh sa chinneadh cuimsitheach.

4.4 Comhdéadan Bonneagair Straitéisigh an Bhoird Pleanála

I gcás gur cineál forbartha a shonraítear sa Seachtú Sceideal a ghabhann leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 é tionscadal atá ar liosta an Aontais freisin, arna leasú, nó forbairt a thagann faoi raon alt 182A nó alt 182C den Acht ní mór do thionscnóir an tionscadail dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais ar leith leis an mBord Pleanála chun a fháil amach an meastar an fhorbairt bheartaithe a bheith ina bonneagar straitéiseach.

Rithfidh nós imeachta réamhiarratais an Rialacháin agus na comhairliúcháin réamhiarratais um fhorbairt bonneagair straitéisigh ar bhonn ar leith. Ba chóir go mbeadh a fhios ag tionscnóirí tionscadail go n-éilíonn an próiseas forbartha bonneagair straitéisigh go gcoimeádfar taifead de chruinnithe agus go gcuirfear na taifid sin ar fáil don phobal ag deireadh an phróisis. Ba chóir go mbeadh tionscnóirí tionscadail ar an eolas faoi seo sula gcuirtear aon ábhar a mheasann siad a bheith íogair ó thaobh tráchtála de os comhair an Bhoird Pleanála ag na cruinnithe seo.

Beidh na doiciméid phoiblí seo a leanas tábhachtach chun tuiscint a fháil ar an bpróiseas Forbartha Bonneagair Straitéisigh agus ar rannpháirtíocht phobail sa phróiseas sin.

Forbairt Bonneagair Straitéisigh

Strategic Infrastructure Development Guide | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Iarratas FBS (7ú Sceideal) a dhéanamh

FBS 7ú Sceideal: Treoirlínte don Iarratasóir | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Táillí: Treoir d'Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Nóta Treorach ar Shonraí Spásúla ar Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh a Sholáthar (pleanala.ie)

Údaráis Phleanála

FBS 7Ú Sceideal: Treoirlínte don Iarratasóir | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Iarratasóirí Ionchais

FBS 7Ú Sceideal: Comhairliúcháin Réamhiarratais (Céim 1) | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Táillí: Treoir d’Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Údaráis Phleanála

FBS 7Ú Sceideal: Comhairliúcháin Réamhiarratais - roinn 37B | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Baill den Phobal

FBS: Comhairliúcháin réamhiarratais | An Bord Pleanála (pleanala.ie)

Gheofar ar www.pleanala.ie tuilleadh eolais ar an mBord Pleanála agus ar Bhoneagar Straitéiseach

4.5 An Cinneadh Cuimsitheach

Sa chás go dteastaíonn cead/faomhadh ón mBord Pleanála do thionscadal faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, eiseoidh an Bord Pleanála ordú sínithe/séalaithe ón mBord. Eiseoidh gach údarás eile lena mbaineann a gcinneadh freisin.

Is éard atá sa chinneadh cuimsitheach an cinneadh nó an tsraith cinntí a thugann na húdaráis éagsúla (m.sh. An Bord Pleanála, an Coimisiún um Rialáil Fónas) atá riachtanach don tionscadal. Foráiltear leis an Rialachán in Airteagal 9.4 go dtabharfar aird chuí sa chinneadh cuimsitheach ar thorthaí na dtuarascálacha a d’ullmhaigh tionscnóir an tionscadail ina mínítear conas a cuireadh na tuairimí a cuireadh in iúl sna comhairliúcháin phobail san áireamh trí na leasuithe a rinneadh i suíomh, treoacht agus dearadh an tionscadail a thaispeáint, nó trí chúiseanna a sholáthar nár cuireadh tuairimí den sórt sin san áireamh agus achoimre a thabhairt ar thorthaí gníomhaíochtaí a bhaineann le rannpháirtíocht phobail.

Má dhiúltaíonn aon údarás ábhartha formheas ní eisítear an cinneadh cuimsitheach beag beann ar chinneadh údaráis eile cead/formheas a thabhairt.

5. Príomhreachtaíocht Deonaithe Ceada

5.1 Spásphleanáil

Is é an bealach iarratais is dóichí ar chead spásphleanála do thionscadail ar liosta an Aontais ná go gcuirfear iarratais phleanála isteach chuig an mBord Pleanála faoi na forálacha a tugadh isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú.

Ceann de na chéad chéimeanna d'aon tionscnóir tionscadail ná dul chuig an mBord Pleanála (FBS) le sonraí an tionscadail chun a chinneadh an measfar nó nach measfar an tionscadal a bheith ina thionscadal bonneagair straitéisigh. Má mheastar gur tionscadal bonneagair straitéisigh é an tionscadal, ní mór an t-iarratas pleanála a thaisceadh leis an mBord Pleanála (FBS). Má mheastar nach Bonneagar Straitéiseach é ní mór an t-iarratas pleanála a thaisceadh leis an údarás pleanála áitiúil.

Tá an tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, mar bhunchloch do phleanáil spásúlachta in Éirinn. Comhcheanglaíonn an tAcht raon leathan ábhar lena n-áirítear:

- An próiseas chun iarratas a dhéanamh agus cead pleanála a fháil.
- Measúnú Tionchair Timpeallachta (agus tuarascáil measúnaithe tionchair timpeallachta).
- Measúnú Oiriúnachta (agus ráiteas tionchair Natura).

Tá roinnt athruithe déanta ar an Acht seo ó bhí 2000 ann agus tá na hathruithe sin le fáil go héasca sa chomhdhlúthú neamhoifigiúil a dhréachtaigh an Coimisiún um Athchóiriú an Dlí.

Is iad na príomhrialacháin a thacaíonn leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt ná na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (I.R. Uimh. 600 de 2001). Tá roinnt Rialachán a leasaíonn Rialacháin 2001 déanta, agus tugtar na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 go 2023 orthu i dteannta a chéile.

Tá comhdhlúthú riaracháin neamhoifigiúil (revisedacts.lawreform.ie/revacts/intro) de na Rialacháin seo ullmhaithe ar mhaithe le héascaíocht tagartha na n-úsáideoirí. *Tabhair faoi deara go bhfuil Bille um Pleanáil agus Forbairt á bhreithniú agus é seo á scríobh.*

Ba cheart aird a thabhairt ar an bPlean Gníomhaíochta Aeráide 2023 a ullmhaíodh faoin Acht um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021.

5.2 Spásphleanáil

- Spásphleanáil – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin Pleanála 2001 (arna leasú).
- Ceadúnas Treorach Astaíochtaí Tionsclaíocha – Acht an GCC arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta) um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruaillíú 2012 (I.R. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta), 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas urthrá – An tAcht Imeall Trágha 1933 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Urthrá) 2009 (I.R. Uimh. 404 de 2009); Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (Urthrá) 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (Urthrá) 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Ceadú bonneagair gáis: Acht Gáis 1976 arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 1989 I.R. Uimh. 349 de 1989 agus Rialacháin Gháis na gComhphobal Eorpach (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012) and Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Acht Gáis 1976) (Measúnacht Tionchair Timpeallachta) 2021 (I.R. Uimh. 174 de 2021).

5.3 Measúnacht Oiriúnachta

Eascraíonn na ceanglais a bhaineann le Measúnú Oiriúnachta ó Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE).

Le tabhairt isteach na Treorach maidir le hÉin i 1979 agus na Treorach um Ghnáthóga i 1992 tháinig an dualgas chun gréasán Natura 2000 de shuímh a bhfuil an tábhacht bithéagsúlachta is airde acu a bhunú do ghnáthóga agus speicis neamhchoitianta atá faoi bhagairt ar fud an Aontais Eorpaigh. In Éirinn, cuimsíonn gréasán de shuímh Eorpacha Natura 2000 Limistéir Chaomhantais Speisialta (LCSanna, lena n-áirítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta is iarrthóirí), agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCSanna, lena n-áirítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta molta). Roghnaítear LSCanna chun gnáthóga larscríbhinn I a chaomhnú (lena n-áirítear cineálacha tosaíochta atá i mbaol imithe) agus speicis larscríbhinn II (seachas éin).

Roghnaítear SPAanna chun éin larscríbhinn I agus éin imirceacha eile a fhaightear go rialta agus a ngnáthóga a chaomhnú. Freagraíonn na gnáthóga agus na speicis atá iarscríofa a roghnaítear gach láithreán maidir leo do leasanna cáilitheacha na láithreán; uathu seo díorthaítear cuspóirí caomantais an láithreán.

Leagann na Treoracha maidir le hÉin agus Gnáthóga amach nósanna imeachta agus oibleagáidí éagsúla maidir le bainistiú caomhnú an dúlra i mBallstáit go ginearálta, agus maidir le láithreáin Natura 2000 agus a ngnáthóga agus a speicis go háirithe. Príomh-mheicníocht chosanta is ea an gá atá le breithniú a dhéanamh ar na himpleachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag aon phlean nó tionscadal ar líonra láithreán Natura 2000 maidir le caomhnú an dúlra sula ndéanfar aon chinneadh ligean don phlean nó don tionscadal sin dul ar aghaidh. Ní mór do gach plan nó tionscadal, agus iad á mbreithniú le haghaidh formheasa ag céim ar bith, na héifeachtaí féideartha a d'fhéadfadh a bheith aige i gcomhar le pleananna agus tionscadail eile a chur san áireamh agus an próiseas ar a dtugtar Measúnú Oiriúnachta ar siúl.

Tá na príomhcheanglais reachtúla le fáil i gCuid XAB den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus in airteagail 236 go 254 de na Rialacháin Pleanála agus Forbartha 2001 (arna leasú). Ba cheart aird a thabhairt freisin ar Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 go 2015.

5.4 Uisce

Trasuíodh an Chreat-Treoir Uisce (WFD) isteach i ndlí na hÉireann trí na príomh-Rialacháin seo a leanas.

Clúdaíonn na Rialacháin seo rialachas, cruth na gclár um thréithriú WFD, monatóireacht agus measúnú stádais i dtéarmaí freagrachtaí a shannadh as monatóireacht a dhéanamh ar chatagóirí éagsúla uisce, ag cinneadh na ngnéithe cáilíochta agus ag tabhairt faoi mheasúnuithe tréithrithe agus rangaithe.

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Beartas Uisce) 2003 (I.R. Uimh. 722 de 2003) arna leasú.
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Uisce Óil), 2014 (I.R. Uimh. 122 de 2014).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóir Comhshaoil (Uiscí Dromchla) 2009 (I.R. Uimh. 272 de 2009).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach um Chuspóirí Comhshaoil (Screamhuisce) 2010 (I.R. Uimh. 9 de 2010) (arna leasú).
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtas Talmhaíochta chun Uiscí a Chosaint), 2010 (I.R. Uimh. 610 de 2010), arna leasú.

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Sonraíochtaí Teicniúla le haghaidh Anailís Cheimiceach agus Monatóireacht ar Stádas Uisce), 2011 (I.R. Uimh. 489 de 2011).
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Beartas Uisce), 2014 (I.R. Uimh. 350 de 2014).
- Tá Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Astaíochtaí Tionsclaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013) ábhartha freisin.

Maidir le Measúnú Tionchair Timpeallachta:


- Spásphleanáil – An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) agus na Rialacháin Pleanála 2001 (arna leasú).
- Ceadúnas Treorach Astaíochtaí Tionsclaíocha – Acht an GCC arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta) um Chosc agus Rialú Comhtháite ar Thruailliú 2012 (I.S. Uimh. 782 de 2012).
- Ceadúnas Dramhaíola – An tAcht um Bainistiú Dramhaíola, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta), 2013 (I.R. Uimh. 505 de 2013).
- Ceadúnas/léas urthrá – An tAcht Imeachall Trágha 1933 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Urthrá) 2009 (I.R. Uimh. 404 de 2009); Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (Urthrá) 2012 (I.R. Uimh. 433 de 2012) agus Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (Urthrá) 2014 (I.R. Uimh. 544 de 2012).
- Ceadú bonneagair gáis: An tAcht Gáis 1976 (arna leasú ag agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta) 1989 I.R. Uimh. 349 de 1989 agus Rialacháin Gáis na gComhphobal Eorpach (Measúnú Tionchair Timpeallachta) 2012 (I.R. Uimh. 403 de 2012).

Gheofar sonraí na reachtaíochta pleanála ábhartha maidir le hÉirinn **anseo**.

Gheofar sonraí na reachtaíochta (náisiúnta agus Aontais Eorpaigh) maidir le tionscadail fuinnimh **anseo**.

5.5 Toiliú Ionaid

Is cineál cead cúlghabhála é Toiliú Ionaid nach mbaintear leas as ach i gcúinsí eisceachtúla agus nuair a éilíonn an fhorbairt measúnú tionchair timpeallachta, cinneadh i ndáil le cibé an bhfuil measúnú tionchair timpeallachta ag teastáil, nó an raibh nó an bhfuil Measúnú Oiriúnachta ag teastáil.



5.6 Ceadúnais do Ghás Nádúrtha

Ceadaíonn an CRU gníomhaíochtaí gáis nádúrtha faoi alt 16 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002.

Áirítear leis seo córais dáileacháin agus tarchurtha; saoráidí stórála agus saoráidí GNL (gás nádúrtha leachtaithe). Deonaíonn an CRU ceadúnais freisin chun gás nádúrtha a sheoladh agus a sholáthar.

Mar a fhoráiltear in alt 16.1 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil), ag brath ar an gceadúnas atá á lorg, féadfaidh an CRU na téarmaí agus na coinníollacha a shocrú a bheidh le gabháil le gach ceadúnas. Go ginearálta, ní mór d'iarratasóirí roinnt coinníollacha dlíthiúla, teicniúla, sábháilteachta agus rialála a chomhlíonadh sula n-eisíonn an CRU ceadúnas.

Ní monaplachtaí iad na feidhmeanna tarchurtha agus dáileacháin gáis faoi dhlí na hÉireann agus, mar sin, tá cead ag úinéirí bonneagair gháis iarratas a dhéanamh chuig an CRU ar cheadúnas tarchurtha nó dáileacháin. Ba cheart d'iarratasóirí ionchasacha ar cheadúnas gáis nádúrtha dul i dteagmháil go díreach leis an CRU chun sainriachtanais an cheadúnais atá á lorg a phlé.

5.7 Toilithe Píblíne Gháis

Sonraítear in alt 39A den Acht Gáis 1976, arna leasú, nach ndéanfaidh duine, gan toiliú an CRU, píblíne, seachas píblíne in aghaidh an tsrutha, a thógáil ar, thar nó faoi dhromchla na talún nó aon ghrinneall farraige atá suite i bhfarraigí teorann an Stáit.

Teastóidh toiliú píblíne alt 39A le haon PCI a bhfuil tógáil píblíne mar chuid de. Má thrasnaíonn píblíne nó saoráid ghaolmhar tailte tríú páirtí, féadfaidh an CRU ordú ceannaigh éigeantaigh a eisiúint freisin faoi alt 32A den Acht Gáis, arna leasú.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le toiliú limistéir mhuirí nó le ceadúnas urthrá i gcás píblíne gháis a thrasnaíonn an urthrá.

5.8 Píblínte Gáis (Le sruth)

Tá an CRU freagrach as toiliú a eisiúint chun píblíne gáis le sruth a thógáil agus a oibriú, faoi alt 39A den Acht Gáis 1976 (arna leasú le halt 12 den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialachán) 2002, faoi réir critéar áirithe, mar atá leagtha amach faoi alt 12(3) agus 12(4) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialachán) 2002.

Foráiltear in Alt 40A den Acht Gáis 1976, arna leasú le halt 12(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002 agus na Rialacháin um Acht an Aontais Eorpaigh (Gáis 1976) (Measúnú Tionchair Timpeallachta), 2021 (I.R. Uimh. 174 de 2021) go gcaithfear tuarascáil measúnaithe tionchair timpeallachta a chur isteach le haon iarratas chun píblíne le sruth a thógáil.

Faoi alt 26(1A) den Acht Gáis 1976, arna chur isteach le halt 23(1) den Acht Gáis (Eatramhach) (Rialáil) 2002, ní mór deimhniú bona fides a bheith ag gabháil le haon iarratas ar pháipíne gáis le sruth a thógáil, arna eisiúint ag an CRU, i leith an iarratasóra.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go mbeadh gá le toiliú limistéir mhuirí nó le ceadúnas urthrá i gcás píblíne gáis a thrasnaíonn an urthrá.

5.9 Giniúint agus Tarchur Leictreachais

Beidh ceadúnas faoi ailt 14 agus 16 den Acht um Rialáil Leictreachais 1999 ag teastáil chun leictreachas a ghiniúint agus údarú chun stáisiún cumhachta a thógáil mar chuid de thionscadail ar liosta an Aontais lena mbaineann giniúint leictreachais.

Gheofar na doiciméid ábhartha CRU le haghaidh iarratais ar ghineadóir a thógáil agus giniúint a cheadúnú **anseo**.

5.10 Idirnascaire Leictreachais agus Stáisiúin Chumhachta

Faoi alt leasaithe 16 den Acht Leictreachais 1999(3)(b) faoi réir alt 17, féadfaidh an CRU údarú a dheonú d'aon duine chun stáisiún cumhachta nó idirnascaire a thógáil nó féadfaidh sé diúltú é a dheonú d'aon duine agus i gcás ina ndeonaíonn an CRU a leithéid d'údarú, beidh an t-údarú sin faoi réir cibé téarmaí agus coinníollacha a shonrófar san údarú.

Ina theannta sin, faoi alt 16A, féadfaidh an CRU, le toiliú an Aire, idirnascaire nó idirnascairí a chur á dtógáil ar cheann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas:

- a. tairiscint iomaíoch;
- b. údarú arna dheonú do dhuine gan tairiscint iomaíoch roimh ré i gcás ina léiríonn an duine, chun sástacht an CRU, go bhfuil deonú údaraithe, faoi réir cibé coinníollacha a mheasfaidh an CRU is gá agus is iomchuí, chun leas fadtéarmacha custaiméirí deiridh; nó
- c. iarraidh ar an oibreoir córais tarchurtha foráil a dhéanamh ina phlean forbartha chun idirnascaire a thógáil.

Seo a leanas na naisc chuig an reachtaíocht thuas:

- An tAcht um Rialáil Leictreachais, 1999
- Achtanna Imeachta Trágha 1933 – 2005
- Acht Gáis Act 1976
- Acht Gáis (Eatramhach) Rialachán) 2002

Is é an Coimisiún um Rialáil Fóntas (CRU) rialtóir fuinnimh neamhspleách na hÉireann a chlúdaíonn raon leathan feidhmeanna eacnamaíocha agus sábháilteachta. Tá naisc le faisnéis a bhaineann le ról rialála CRU ar fáil maidir le giniúint leictreachais agus gáis [rialacháin sábháilteachta um thaiscéaladh agus astarraingt peitriam in aghaidh an tsrutha (amach ón gcósta agus ar tír).


Is é an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta an tÚdarás Inniúil Náisiúnta um rialú guaiseacha mórtionóiscí (COMAH). D'fhéadfadh sé seo a bheith ábhartha do roinnt tionscadal bonneagair fuinnimh e.g. saoráidí stórála ola agus gáis nó forbairtí bonneagair fuinnimh i gcóngar bunáochtaí COMAH atá ann cheana féin. Gheofar eolas **anseo**.

Gheofar eolas ar cheadúnú agus ar cheadú comhshaoil **anseo**.

Cuimsíonn an urthrá an limistéar ón marc arduisce amach go dtí 12 mhuirmhíle. Le roinnt eisceachtaí, is leis an Stát an urthrá. Dá bhrí sin, ní mór do dhuine ar mian leis nó léi forbairt a dhéanamh ar an urthrá MAC nó ceadúnas a fháil faoin Acht Imeachta 1933.

Tá faisnéis maidir le giniúint leictreachais agus ceadúnú tarchuir ar fáil **anseo**.

Tá faisnéis maidir le toiliú píblíne agus ceadúnú bonneagair gáis eile ar fáil **anseo**.



5.11 Astaíochtaí Tionsclaíocha agus Ceadúnú um Rialú Comhtháite ar Thruailliú

Ciallaíonn gníomhaíocht treorach astaíochtaí tionsclaíocha próiseas, forbairt nó oibríocht a shonraítear sa reachtaíocht a mhéid a chuirtear an próiseas, an fhorbairt nó an oibríocht a shonraítear i gcrích i suiteáil atá nasctha nó a bhaineann le gníomhaíocht eile ar gníomhaíocht treorach astaíochtaí tionsclaíoch í agus a chuirtear i gcrích i suiteáil.

5.11.1 Reachtaíocht um Cheadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) 2011 - I.R. Uimh. 477 de 2011.
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú) 2015 - I.R. Uimh. 355 de 2015.
- Rialacháin na Gníomhaireachta Cosanta Comhshaoil (Astaíochtaí Tionsclaíocha) (Ceadúnú) 2013 I.R. 137 de 2013.
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Astaíochtaí Tionsclaíocha), 2013 (I.R. Uimh. 138 de 2013).
- Rialacháin na Gníomhaireachta Cosanta Comhshaoil (Táillí Ceadúnúcháin) 2013 I.R. 284 de 2013.
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Pleananna Loiscthe Dramhaíola agus Gléasraí Comh-Loiscthe Dramhaíola) 2013 I.R. Uimh. 148 de 2013
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Gléasraí Móra Dócháin), 2012 I.R. Uimh. 566 de 2012
- Rialacháin an AE (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (IPPC) 2012 S.I Uimh. 282 de 2012
- Rialacháin an AE (Measúnú Tionchair Timpeallachta) (IPPC) (Uimh. 2) 2012 I.R. Uimh. 457 de 2012
- Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Suiteálacha agus Gníomhaíochtaí ina n-úsáidtear Tuaslagóirí Orgánacha) 2012 I.R. Uimh. 565 de 2012.
- Treoir maidir le hAstaíochtaí Tionsclaíocha 2010/75/AE

5.11.2 Aidhm Cheadúnú Astaíochtaí Tionsclaíocha

Tá sé mar aidhm ag ceadúnais IPC astaíochtaí chuig aer, uisce agus talamh a chosc nó a laghdú, dramhaíl a laghdú agus fuinneamh/acmhainní a úsáid go héifeachtach. Is ceadúnas comhtháite aonair é Ceadúnas IPC a chumhdaíonn gach astaíochtaí ón áis agus a bainistíocht comhshaoil. Tá na ceanglais reachtúla maidir le hiarratas a dhéanamh ar cheadúnas IPC leagtha amach go ginearálta i Rialacháin an GCC (Rialú Comhtháite ar Thruailliú) (Ceadúnú), 2013 (I.R. Uimh. 283 de 2013) arna leasú agus san Acht GCC.

Sula ndeonaítear ceadúnas, ní mór do thionscnóir tionscadail an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a shásamh nach mbeidh drochthionchar suntasach ag astaíochtaí ón ngníomhaíocht ar an gcomhshaoil.

Tá gach oibríocht ghaolmhar a dhéanann an sealbhóir ceadúnais maidir leis an ngníomhaíocht faoi rialú ag an gceadúnas seo.

5.11.3 Ceadúnú um Rialú Comhtháite ar Thruailliú (IPC).

Tá gníomhaíochtaí áirithe á gceadúnú ag an GCC ó 1994 i leith. Tá ceadúnú IPC á rialú ag an Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, arna leasú.

Tá nósanna imeachta mionsonraithe maidir le próiseas ceadúnaithe an IPC leagtha amach san Acht GCC 1992, arna leasú, agus sna rialacháin ghaolmhara ceadúnúcháin.

5.12 An Treoir um Ghnáthóga

D'fhonn láithreáin Eorpacha (SACanna) a chosaint, tá gá le toiliú an Aire le haghaidh gníomhaíochtaí áirithe, ar a dtugtar Gníomhaíochtaí dá dTeastaíonn Toiliú (ARCanna), a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh d'éiceolaíocht láithreán muirí nó cur isteach air.

Is iad na gníomhaíochtaí dá dteastaíonn toiliú a bhaineann leis na LCSanna seo:

- Iontaisí, carraig, mianraí, láib, gaineamh, gairbhéal nó dríodar eile a shéideadh, a dhruileáil, a bhaint le dreidireacht nó a bhaint nó cur isteach orthu ar shlí eile.
- Taighde eolaíoch a dhéanamh a bhaineann le hábhar bitheolaíoch a bhailiú agus a bhaint.

Cé go bhféadfaidh na gníomhaíochtaí seo a bheith ceadaithe i gcúinsí áirithe, ceanglaítear faoi na Rialacháin toiliú an Aire a fháil sula gcuirtear tús le hoibreacha.

Is cion é na gníomhaíochtaí seo a dhéanamh gan an toiliú riachtanach. Go praiticiúil, ba cheart toiliú dá leithéid a lorg ar dtús ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Ní gá toiliú an Aire a fháil má tá an ghníomhaíocht ceadúnaithe ag údarás poiblí eile nó faoi réir ceada ó údarás poiblí eile.


5.13 Iarratais Pleanála Muirí agus Tionscadail Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta (ORE).

Soláthraíonn an tAcht um Pleanáil Limistéir Mhuirí arna thrasuí isteach san Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, meicníocht do thionscadail oidhreachta ORE a chuaigh isteach sa phróiseas urthrá chun aistriú go dtí an córas toilithe nua agus tá sé seo leagtha amach i bprótacal idirthréimhseach.

Faoin bprótacal idirthréimhseach tabharfar tosaíocht do thionscadail reatha sa chóras urthrá agus iad ag dul ar aghaidh tríd an bpróiseas pleanála limistéir mhuirí.

Sula ndéanfar iarratas ar chead pleanála, beidh ar gach tionscadal sa limistéar muirí toiliú limistéir mhuirí (MAC) a fháil, ar measúnú airgeadais agus ardleibhéal é go héifeachtach ar an tionscadal agus a thagann in ionad eilimint léasa urthrá na reachtaíocht reatha. Déanfaidh an tÚdarás Rialála Limistéir Mhuirí (MARA) maoirseacht ar mheasúnú agus ar eisiúint MACanna.

Ceanglaítear ar iarratasóir dul i mbun comhairliúcháin réamhiarratais leis an mBord Pleanála mar a cheanglaítear faoi alt 287 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, sula ndéanann sé iarratas ar chead faoi alt 291 den Acht.



6. Príomhpháirtithe Leasmhara

Beidh éagsúlacht geallsealbhóirí móra ann ag brath ar an tionscadal ar leith (leictreachas, ola, gás srl.) agus ar an suíomh/na suíomhanna sainiúla atá i gceist.

Beidh an t-údarás áitiúil don limistéar ina bhfuil tionscadal ar liosta an Aontais suite ina phríomh-gheallsealbhóir don tionscadal. Maidir le tionscadail líneacha (m.sh. línte leictreachais) is dócha go mbeidh níos mó ná údarás áitiúil amháin i gceist.

Áireoidh geallsealbhóirí móra eile comhlachtaí arna bhforordú faoi reachtaíocht éagsúla. Go ginearálta, beidh sé de cheart ag na comhlachtaí forordaithe seo go rachfar i gcomhairle leo faoin tionscadal nuair a thaiscfear iarratas. Ag brath ar an tionscadal agus ar a shuíomh, beidh tuairimí roinnt de na comhlachtaí seo ríthábhachtach do thoradh an tionscadail. Ba cheart dul i gcomhairle le comhlachtaí den sórt sin sula dtugtar sonraí an tionscadail chun críche. Mar shampla, sa chás go bhféadfadh tionchar suntasach a bheith ag tionscadal ar shuíomh Eorpach (SAC nó SPA) ba cheart dul i gcomhairle leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) chomh luath agus is féidir sula roghnaítear aon láthair nó bealach.

Maidir le spásphleanáil sa chás go meastar gur forbairt bonneagair straitéisigh é tionscadal, tabharfaidh an Bord Pleanála (SID) liosta don iarratasóir ionchasach de na comhlachtaí forordaithe nach mór dul i gcomhairle leo ag deireadh na céime réamhiarratais de na comhairliúcháin.

Grúpaí cónaitheoirí a bheidh sna páirtithe leasmhara móra eile. Is gnách go mbeidh údarás áitiúil an cheantair ina bhfuil sé beartaithe an tionscadal a lonnú in ann ainm agus sonraí teagmhála na ngrúpaí cónaitheoirí áitiúla a sholáthar.

Féach Aguisín 1 le haghaidh sonraí teagmhála.

7. Sonraí na nDoiciméad le haghaidh Iarratas

7.1 Eolas atá de Dhíth

Ceanglóidh gach údarás lena mbaineann faisnéis shonrach a chur isteach in éineacht le hiarratas ar thoilíú tionscadail.

Tá roinnt ceanglais faisnéise ann a bhaineann le gach iarratas, fiú nuair a d'fhéadfadh ceanglais reachtacha a bheith éagsúil. Meastar go mbeidh na nithe seo a leanas san áireamh ar an bhfaisnéis is gá chun aon iarratas a mheas:

- Cur síos ar an tionscadal agus a chuspóir, lena n-áirítear pleananna, líníochtaí agus codanna atá riachtanach chun sonraí a dhearadh agus a chuma a thaispeáint.
- Suíomh an tionscadail, le léarscáil nó léarscáileanna ag cur síos ar an suíomh molta.
- Plean riosca tuilte, nuair is gá.

Nuair is infheidhme, faisnéis (lena n-áirítear plean nó pleananna) faoi:

- aon láithreáin nó gnéithe de chaomhnú an dúlra e.g. láithreáin a bhfuil tábhacht gheolaíoch/tírdhreacha leo;
- gnáthóga de speicis chosanta, gnáthóga tábhachtacha nó gnéithe éagsúlachta eile, le sonraí leordhóthanacha chun a chur ar chumas an údaráis toilithe Measúnú Oiriúnachta a dhéanamh faoin Treoir um Ghnáthóga; agus
- dobharlaigh i bplean bainistíochta abhantraí, mar aon le measúnú ar aon tionchar ar shuímh, gnéithe, gnáthóga nó dobharlach den sórt sin ar dócha go mbeidh an fhorbairt a bheartáítear ina chúis leo.

I gcás ina dteastaíonn measúnú tionchair timpeallachta ó thionscadal ní mór an fhaisnéis chúil i bhfoirm tuarascála measúnaithe tionchair timpeallachta a sholáthar.

Sa chás go dteastaíonn Measúnú Oiriúnachta ó thionscadal, ní mór Ráiteas Tionchair Natura (NIS) a sholáthar.

7.2 Seicliosta

Leagtar amach in Aguisín II na sonraí is gá chun iarratas a dhéanamh ar fhorbairt bheartaithe a mheasann an Bord Pleanála a bheith ina forbairt bonneagair straitéisigh (FBM)..


Tá sonraí maidir le ceanglais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil maidir le hiarratais ar chead nó ar cheadúnais leagtha amach in Aguisín II.

Tá sonraí maidir le riachtanais an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir leis an bpróiseas pleanála leagtha amach in Aguisín II.

Tá sonraí a bhaineann le riachtanais na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta maidir le toiliú urthrá leagtha amach in Aguisín II.

Tá sonraí maidir le ceanglais CRU d'iarratais ar chead nó ceadúnas leagtha amach in Aguisín II.

Aithneoidh an tÚdarás Inniúil Náisiúnta, i ndlúthchomhar leis na húdaráis eile lena mbaineann, agus i gcás inarb iomchuí ar bhonn togra ón tionscnóir tionscadail, raon feidhme an ábhair agus leibhéal na faisnéise a bheidh le cur isteach ag tionscnóir an tionscadail, mar chuid den chomhad iarratais, chun iarratas a dhéanamh ar an gcinneadh cuimsitheach.



8. Sonraí Teagmhála

8.1 Údarás Inniúil Náisiúnta: An Bord Pleanála

Is é an pointe teagmhála don Bhord Pleanála
(An tÚdarás Inniúil Náisiúnta) Diarmuid Collins,
d.collins@pleanala.ie

Nuair nach mbíonn sé ar fáil, is féidir ceisteanna a chur ar:

An Bord Pleanála,
Aonad TLC,
64 Sráid Mhaoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1.

Fón 01 8588100 nó Glao Áitiúil 1890 275 175

Fón Idirnáisiúnta +353 (0)1 8588100

Ríomhphost: bord@pleanala.ie



8.2 Údaráis Eile lena mBaineann

Eagraíocht	Seoladh ríomhphoist	Sonraí Teagmhála
An Roinn Comhshaoil, Aeráide & Cumarsáide	PCInna Gáis Philip.connolly@DECC.gov.ie PCInna Leictreachais Paul.corcoran@DECC.gov.ie Bernard.nolan@DECC.gov.ie	29/31 Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, D02 X285 +353 (0) 1 6782000 +353 (0) 1 6783135
An Coimisiún um Rialú Fóntas.	info@cru.ie	The Grain House, An Malartán, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24, D24 PXW0 +353 (0) 1 4000800
An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra	manager.dau@housing.gov.ie	90 Sráid an Rí Thuaidh, BÁC 7, D07 N7CV +353 (0)1 888 2000
An Bord Pleanála (Forbairt Bonneagair Straitéisigh.)	SIDS@pleanala.ie	64 Sráid Mhaoilbhríde, BÁC 1, D01 V902 +353 (0) 1 8588100
An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.	Yvonne.Doris@housing.gov.ie	An tAonad Urthrá An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Bóthar an Bhaile Nua, Loch Garman, Y35 AP90 +353 (0) 53 9117342
An Ghníomhaireacht um Chosaint Comhshaoil	eiaplanning@epa.ie	Ceannáras na Gníomhaireachta Bosca Poist 3000, Eastát Tuaithe Bhaile Eoin, Contae Loch Garman Y35 W821 +353 (53) 916 0600
An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta	comah@hsa.ie	An Foirgneamh Cathartha, Sráid James Joyce, Baile Átha Cliath 1, D01 K0Y8 +353 (0) 1 6147000



An
Bord
Pleanála

64 Sráid Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1
D01 V902

64 Marlborough Street,
Dublin 1
D01 V902

Glaó Áitiúil / Lo-call
1890 275 175

T (01) 858 8100
F (01) 872 2684

bord@pleanala.ie

www.pleanala.ie